AN COIMISIÚN EORPACH

ARDIONADAÍ AN AONTAIS DO GHNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS DON BHEARTAS SLÁNDÁLA

An Bhruiséil, 5.3.2024
JOIN(2024) 10 final

**TEACHTAIREACHT CHOMHPHÁIRTEACH CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

# Straitéis Thionsclaíoch nua um an gCosaint Eorpach: Ullmhacht san Aontas a bhaint amach trí thionscal cosanta na hEorpa atá níos freagrúla agus níos athléimní

GA GA

## RÉAMHRÁ

An 14 agus 15 Nollaig 2023, rinne an Chomhairle Eorpach, i gcomhréir le Dearbhú Versailles[1] agus an Compás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint[2], a chur i dtábhacht gur gá tuilleadh a dhéanamh chun cuspóirí an Aontais a chomhlíonadh maidir leis an ullmhacht cosanta a mhéadú[3]. Chuir an Chomhairle Eorpach i dtábhacht freisin an gá atá le bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí a neartú freisin (EDTIB), lena n-áirítear FBManna, agus chun é a dhéanamh nuálach, iomaíoch agus athléimneach. Le hAontas níos láidre agus níos cumasaí i réimse na slándála agus na cosanta, cuirfear leis an tslándáil dhomhanda agus thrasatlantach ar bhealach dearfach, agus beidh sé comhlántach le hEagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT), arb é i gcónaí é bunchloch na cosanta comhchoitinne dá gcomhaltaí.

Is féidir ullmhacht cosanta an Aontais a shainmhíniú mar staid sheasta ullmhachta an Aontais agus a Bhallstát chun slándáil a saoránach, sláine a chríche, agus sócmhainní nó bonneagair chriticiúla a chosaint, mar aon lena bhunluachanna agus a chroíphróisis daonlathacha. Áirítear leis sin an cumas cúnamh míleata a chur ar fáil dá chomhpháirtithe, amhail an Úcráin. I gcomhréir leis an gCompás Straitéiseach, cuimsítear an cumas gníomhú ar bhealach níos tapa agus níos cinntithí agus aghaidh á tabhairt ar ghéarchéimeanna, ár saoránaigh a chosaint i gcoinne bagairtí atá ag athrú go tapa, infheistíocht a dhéanamh sna cumais agus sna teicneolaíochtaí a bhfuil gá leo agus obair i gcomhar le comhpháirtithe eile chun spriocanna comhchoiteanna a bhaint amach. Leis an Straitéis seo, freagraítear do na tograí a rinne na saoránaigh sa Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa[4].

Is réamhriachtanas riachtanach é go bhfuil tionscal láidir cosanta ag an Aontas chun an ullmhacht cosanta a bhaint amach. Leis an Straitéis Thionsclaíoch um an gCosaint Eorpach, atá bunaithe ar thorthaí na hanailíse ar bhearnaí infheistíochta cosanta a cuireadh i láthair sa Teachtaireacht Chomhpháirteach an 18 Bealtaine 2022[5], agus tar éis próiseas comhairliúcháin cuimsitheach leis na páirtithe leasmhara a chur i gcrích, moltar cur chuige uaillmhianach a bhfuil Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach (EDIP) ina bhonn taca leis, in éineacht le tacar bearta tionlacain agus an Ciste Eorpach Cosanta (EDF), chun an colún

---

1 Cruinniú neamhfhoirmiúil na gCeann Stáit nó Rialtais, Dearbhú Versailles, an 10 agus 11 Márta 2022, 20220311-versailles-declaration-en.pdf (europa.eu)

2 Compás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint - Le haghaidh Aontas Eorpach a chosnaíonn a chuid saoránach, luachanna agus leasanna, agus a chuireann leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta, an Bhruiséil, an 21 Márta 2022, 7371/22, pdf (europa.eu)

3 Cruinniú den Chomhairle Eorpach, an Bhruiséil, an 15 Nollaig 2023, EUCO 20/23, europeancouncilconclusions-14-15-12-2023-en.pdf (europa.eu). Léitear na conclúidí mar a leanas: 'Tar éis breithniú a dhéanamh ar an obair a rinneadh chun na conclúidí a glacadh roimhe seo a chur chun feidhme, is é sin Dearbhú Versailles agus an Compás Straitéiseach, cuireann an Chomhairle Eorpach i dtábhacht gur gá tuilleadh a dhéanamh chun cuspóirí an Aontais a chomhlíonadh maidir leis an ullmhacht cosanta a mhéadú agus an caiteachas cosanta a mhéadú ar bhealach comhoibríoch, lena n-áirítear an infheistíocht i réimse na cosanta agus forbairt cumais a fheabhsú, agus margadh comhtháite éifeachtach a bhaint amach le haghaidh na cosanta'.

4 Deimhnítear le suirbhéanna ar thuairimí poiblí an Aontais go bhfuil spéis mhór agus ionchais arda ag muintir na hEorpa i dtaca le comhar breise i réimse na cosanta. De réir Eorabharaiméadar Caighdeánach 100 (Nollaig 2023), creideann 79 % de mhuintir na hEorpa gur cheart comhar i gcúrsaí cosanta ar leibhéal an Aontais a mhéadú, agus measann 69 % díobh gur gá don Aontas treisiú a dhéanamh ar a chumas trealamh míleata a tháirgeadh.

5 Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le hAnailís ar Bhearnaí Infheistíochta sa Tionscal Cosanta agus an Bealach Chun Tosaigh. An Bhruiséil, 18.5.2022 JOIN(2022) 24 final.

tionsclaíoch d’ullmhacht cosanta an Aontais a neartú. Ba cheart an iarracht sin a shaothrú de réir a chéile thar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (2021-2027) atá ann faoi láthair, agus cistiú ón Aontas á sholáthar trí ionstraimí a bheidh ann amach anseo a mbainfidh a raon feidhme agus a ndearadh leas as an taithí a gheofar trí na cláir chosanta éagsúla a chur chun feidhme.

Mar gheall ar an méadú géar atá ag teacht ar bhagairtí réigiúnacha agus domhanda agus ar dhúshláin slándála, agus go háirithe ós rud é go bhfuil cogaíocht choinbhinsiúnach ard-déine ar ais san Eoraip, tá gá le hathrú mór práinneach ar an luas agus ar an scála lenar féidir le EDTIB an trealamh míleata riachtanach a shainaithint, a fhorbairt agus a tháirgeadh ar fud an speictrim iomláin, ag tosú leis na riachtanais is práinní. I ndáil leis sin, is gá na huirlisí agus na hionstraimí atá curtha i bhfeidhm ag an Aontas le blianta beaga anuas a neartú agus a chuíchóiriú a thuilleadh. Ní mór ullmhacht thionsclaíoch um an gcosaint a neartú ar fud an Aontais, agus aird ar leith á tabhairt ar na himpleachtaí sonracha a bhaineann leis sin do na Ballstáit sin is mó atá neamhchosanta ar an mbaol go dtarlódh gnáthbhagairtí míleata.

Ní féidir ullmhacht thionsclaíoch um an gcosaint a bhaint amach ach amháin má chuirtear ar a gcumas do na Ballstáit, trí na huirlisí agus na dreasachtaí iomchuí, tosaíocht a thabhairt d’infheistíochtaí comhoibríocha. Neartóidh sé sin a gcumais mhíleata agus an bonn tionsclaíoch cosanta ar féidir leis an Aontas agus na Ballstáit brath air. Neartóidh sé sin ECAT ar bhealach díreach freisin, ós rud é go bhfuil ag na Ballstáit, lena n-áirítear iad siúd ar Comhghuaillithe ECAT iad[6], tacar aonair fórsaí ar féidir leo a chur ar fáil i gcreataí éagsúla. Cuireann sé freisin le slándáil eacnamaíoch níos leithne an Aontais, ós rud é go bhfuil EDTIB ina phríomhspreagadh don nuálaíocht theicneolaíoch agus don athléimneacht ar fud ár sochaithe.

Tá sé beartaithe leis an Straitéis seo feabhas a chur ar iarrachtaí na mBallstát **tuilleadh a infheistiú, ar bhealach níos fearr, le chéile agus san Eoraip** (Roinn 2), agus tacú leo an méid sin a dhéanamh. Ba cheart infhaighteacht mhéadaithe táirgí agus córas cosanta a bhaint amach a bhuí le **EDTIB níos éifeachtúla agus níos freagrúla, rud a bhraitheann ar shlándáil fheabhsaithe an tsoláthair** (Roinn 3). Tá sé tábhachtach an **acmhainn airgeadais** a fhorbairt chun taca a chur faoi ullmhacht thionsclaíoch an Aontais um an gcosaint (Roinn 4). Ina theannta sin, ba cheart **cultúr ullmhachta cosanta** a phríomhshruthú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh ar fud bheartais uile an Aontais (Roinn 5). Ar deireadh, ba cheart **comhpháirtíochtaí** a ghiaráil chun ullmhacht agus athléimneacht a fheabhsú (Roinn 6).

## 1. Ullmhacht cosanta a bhaint amach trí thionscal cosanta Eorpach atá níos freagrúla agus níos athléimní

### 1.1. Ullmhacht cosanta: rud atá riachtanach sa timpeallacht gheopholaitiúil atá ann faoi láthair

I bhfianaise cogaíocht ard-déine a bheith ann arís san Eoraip, tar éis ionradh iomlán gan chúis na Rúise ar an Úcráin in 2022, ní mór don Aontas a ullmhacht cosanta a fheabhsú go pras.

6 Tá 22 Bhallstát as na 27 mBallstát ina mbaill de ECAT faoi láthair, agus tá coinne leis go rachaidh an tSualainn isteach sa Chomhghuaillíocht go luath.

Tá dúshlán ollmhór roimh an ord domhanda riailbhunaithe agus tá méadú ag teacht ar thionchar an teannais, na héagobhsaíochta, na mbagairtí hibrideacha agus na gcoinbhleachtaí armtha ar thíortha i gcomharsanacht an Aontais agus níos faide i gcéin. Tá iomaitheoirí straitéiseacha ag infheistiú go mór i gcumais mhíleata, in acmhainneachtaí tionsclaíocha cosanta agus i dteicneolaíochtaí criticiúla, agus ní féidir talamh slán a dhéanamh a thuilleadh de shláine ár slabhraí soláthair ná de rochtain gan bhac ar acmhainní.

Tá an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit ag dul i ngleic le bagairtí hibrideacha forleathana freisin, ar bagairtí iad a léirítear le líon méadaitheach cibearionsaithe, sabaitéireacht, haiceáil bonneagair chriticiúil agus sócmhainní criticiúla, bréagaisnéis, agus ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis. Tugann siad aghaidh freisin ar an gconspóid i dtaca le rochtain na hEorpa ar réimsí straitéiseacha amhail an réimse spáis, an cibir-réimse, an réimse aeir agus an réimse muirí. Is dúshlán iad na forbairtí sin dár slándáil, dár rathúnas agus dár luachanna daonlathacha.

Is freagracht náisiúnta go príomha é críoch agus saoránaigh na mBallstát a chosaint, agus gealltanais na gcomhghuaillithe i gcomhthéacs ECAT á gcur san áireamh. I bhfianaise an mhéid sin, tugtar le fios leis na forbairtí geopholaitiúla gur gá don Eoraip freagracht straitéiseach mhéadaithe a ghlacadh as a slándáil féin, lena n-áirítear cúnamh a thabhairt do phríomh-chomhpháirtithe amhail an Úcráin. Faoi threoir an Chompáis Straitéisigh, is gníomhaí níos láidre é an tAontas agus ní mór dó leanúint de bheith ina ghníomhaí níos láidre sa tslándáil agus sa chosaint, agus ar an gcaoi sin, beidh sé ina sholáthraí slándála níos iontaofa agus ina ghníomhaí cosanta cumasach ní hamháin dá shaoránaigh féin ach chun tairbhe na síochána agus na slándála idirnáisiúnta freisin.

Cuirfidh Aontas níos láidre agus níos cumasaí i réimse na slándála agus na cosanta leis an tslándáil dhomhanda agus thrasatlantach ar bhealach dearfach agus beidh sé comhlántach le ECAT. I gcás na mBallstát sin, ar comhaltaí de ECAT iad freisin, tá an Chomhghuaillíocht fós ina bunchloch dá gcosaint chomhchoiteann. Chun ullmhacht cosanta a bhaint amach, éilítear pleanáil, forbairt agus infhaighteacht oibríochtúil na gcumas cosanta agus na gcumasóirí straitéiseacha is gá, máistreacht ar theicneolaíochtaí criticiúla agus an cumas an speictream iomlán cumas, bonneagar agus sócmhainní is gá a sholáthar, a oibriú agus a chosaint.

Dá bhrí sin, chun ullmhacht cosanta a bhaint amach, is gá infheistíocht ollmhór a dhéanamh ar bhealach comhordaithe sna cumais chosanta is gá, lena n-áirítear é sin a dhéanamh i mbonneagar criticiúil ábhartha. Chuige sin, ní mór an lúfaireacht a bheith ann chun nuálaíocht a chomhtháthú i gcónaí, ar nuálaíocht í a thagann níos mó agus níos mó ó ghníomhaithe beaga agus neamhthraidisiúnta a bhíonn ag streachailt go rómhinic chun aitheantas a fháil dá rannchuidiú féideartha. Ghlac na coimhlinteoirí páirt sa rás domhanda le haghaidh ardcheannas teicneolaíochta, rud a éilíonn timthriallta infheistíochta níos tapúla agus níos costasaí ó na gníomhaithe uile: ní féidir leis an Aontas titim ar gcúl.

Fiú na Ballstáit sin a bhfuil na buiséid chosanta is mó san Aontas ar fáil dóibh, bíonn deacrachtaí acu infheistíocht a dhéanamh ar na leibhéil is gá ar bhonn neamhspleách, rud a nochtann an tAontas do bhearnaí cumais agus tionsclaíocha atá ag leathnú agus do spleáchais straitéiseacha mhéadaithe. Is amhlaidh atá i gcás príomhmhonaróirí agus a slabhraí soláthair. Dá bhrí sin, chun ullmhacht cosanta a bhaint amach, tá gá le tuilleadh comhair agus gníomhaíochta comhchoitinne. Le linn cogaíochta ard-déine, tá gá leis an gcumas tacar mór trealaimh cosanta a olltáirgeadh amhail armlón, ladrainn, diúracáin agus córais aerchosanta, cumais buille dhomhain agus acmhainneachtaí faisnéise, faireachais

agus taiscéalaíochta, chomh maith leis an gcumas a áirithiú go mbeidh an méid sin ar fáil go tapa agus go leordhóthanach.

Chun an t-olltáirgeadh sin a chumasú, ní mór eagrú earnáil thionsclaíoch na cosanta a fhorbairt.

***Bosca 1. Éadálacha cosanta san Aontas: iad a cheannach ar bhonn neamhspleách agus ó thar lear den chuid is mó***

Mar a léiríodh san Anailís ar Bhearnaí Infheistíochta sa Tionscal Cosanta agus an Bealach Chun Cinn, dá mbeadh 2 % dá OTI caite ag na Ballstáit uile ar chosaint, agus 20 % de sin tiomnaithe don infheistíocht, ó 2006 go dtí 2020, bheadh thart ar **EUR 1,1 trilliún sa bhreis ann le haghaidh na cosanta** mar thoradh air sin, agus thart ar EUR 270 billiún de sin le haghaidh na hinfheistíochta.

In 2022, tháinig méadú ar chaiteachais na mBallstát i réimse na cosanta don 8ú bliain as a chéile, caiteachas dar luach EUR 240 billiún[7] san iomlán. Rinneadh **78 % d'éadálacha cosanta arna ndéanamh ag Ballstáit an Aontais idir tús chogadh foghach na Rúise agus mí an Mheithimh 2023 ó áiteanna lasmuigh den Aontas**, agus is sna Stáit Aontaithe amháin a rinneadh 63 % díobh.[8].

Idir 2021 agus 2022, tháinig méadú 7 % ar sholáthar trealaimh nua, ach níor caitheadh **ach 18 %** den chaiteachas iomlán ar sholáthar trealaimh cosanta comhoibríoch an Aontais in 2022[9], **i bhfad faoi bhun an tagarmhairc chomhchoitinn de 35 % atá ann faoi láthair arna leagan síos ag na Ballstáit[10]**.

### 1.2. Chun ullmhacht cosanta a bhaint amach, tá gá le EDTIB láidir, freagrúil agus nuálach

Mar a cuireadh i dtábhacht sa Chompás Straitéiseach agus i nDearbhú Granada na gCeann Stáit agus Rialtais an Aontais[11], tá gá le bonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch atá láidir, solúbtha agus athléimneach chun infheistíochtaí ullmhachta agus cumais cosanta an Aontais a neartú.

Is gné ríthábhachtach lárnach é EDTIB chun a áirithiú go mbeidh ár sochaithe slán agus rathúil sa lá atá inniu ann agus sa todhchaí. Tá EDTIB freagrúil iomaíoch ina bhunchloch d'aon ról inchreidte de chuid na hEorpa ina cosaint agus ina slándáil féin.

Éilíonn ullmhacht thionsclaíoch an Aontais um an gcosaint, sa lá atá inniu ann agus amach anseo, infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha ar fud réimse iomlán na riachtanas, chun freagrúlacht an tionscail cosanta a éascú ó thaobh ama agus scála de do riachtanais na

[7] I gcomparáid leis an íosmhéid stairiúil EUR 171 bhilliún in 2014. Féach Sonraí Cosanta na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint 2022, príomhthorthaí agus anailís.

[8] Jean-Pierre Maulny, *THE IMPACT OF THE WAR IN UKRAINE ON THE EUROPEAN DEFENCE MARKET* [TIONCHAR AN CHOGAIDH SAN ÚCRÁIN AR MHARGADH COSANTA NA hEORPA], IRIS, Meán Fómhair 2023, 19_ProgEuropeIndusDef_JPMaulny.pdf (iris-france.org)

[9] Athbhreithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint 2022

[10] Arna bhunú ag Bord Stiúrtha Aireachta GEC in 2007.

[11] An Chomhairle Eorpach, Dearbhú Granada, an 6 Deireadh Fómhair 2023.

mBallstát. Ní mór aird a dhíriú i gcónaí ar an nuálaíocht, agus ba cheart athléimneacht i gcoinne suaití seachtracha a áirithiú.

***Bosca 2. EDTIB sa lá atá inniu ann: tá acmhainn láidir aige, ach ní mór leas níos mó a bhaint aisti***

Sa lá atá inniu ann tá bonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch cosanta an Aontais comhdhéanta de thacar mór príomhchonraitheoirí, lena ngabhann cuideachtaí meánchaipitlithe agus líon mór fiontar beag agus meánmhéide (FBManna).

Chomh maith le ceannairí Eorpacha a tháirgeann ardchórais den chéad scoth, atá lonnaithe den chuid is mó i ndornán Ballstát, tá ról chomh ríthábhachtach céanna ag an iliomad gníomhairí níos lú, ar gníomhairí iad atá criticiúil mar sin féin, is é sin monaróirí ardán, soláthraithe trealaimh, táirgeoirí tomhaltán – amhail armlóin, fo-sholáthróirí, agus táirgeoirí nideoige, **ar gníomhairí iad atá scaipthe ar fud an Aontais**.

Léirigh mapáil thionscal an Tascfhórsa um Sholáthar Comhpháirteach Cosanta go raibh príomhmhonaróirí le haghaidh na 46 mhír is práinní lonnaithe i 23 Bhallstát.

Tá EDTIB, ag a bhfuil láimhdeachas bliantúil measta **EUR 70 billiún** agus méideanna móra onnmhairí (níos mó ná EUR 28 mbilliún in 2021), iomaíoch ar an leibhéal domhanda. Ar an iomlán, meastar go bhfuil tuairim agus **500,000 duine** fostaithe in EDTIB[12].

D’ainneoin a iomaíochais fhoriomláin, baineann na blianta tearcinfheistíochta an bonn de chumas EDTIB leas iomlán a bhaint as a acmhainn, d’ainneoin an dul chun cinn a rinneadh le blianta beaga anuas. Is toradh é sin ar bheartas agus roghanna buiséadacha na mBallstát le blianta fada anuas, agus i gcomhthéacs geopholaitiúil eile, chun an díbhinn síochána a leithdháileadh ar úsáidí eile sa tsochaí. Chomh maith leis sin, feidhmíonn ilroinnt thionsclaíoch mharthanach ar bhonn náisiúnta mar bhac ar éifeachtúlacht optamach na n-infheistíochtaí i réimse na cosanta. Mar thoradh ar na treochtaí sin, tá méid comparáideach i bhfad níos lú i gceist le margadh cosanta an Aontais agus láithreacht ar an leibhéal domhanda, agus tá méadú tagtha ar spleáchais ar thríú tíortha, rud a chuireann isteach ar chumas EDTIB feidhmiú ar leibhéal a acmhainneachta.

### 1.3. Nuair a dhéantar infheistíocht chomhoibríoch róbheag san Aontas, coinnítear EDTIB ag feidhmiú faoi bhun a acmhainneachta

I margadh casta inarb iad na rialtais náisiúnta an t-aon cheannaitheoir amháin, níl ag éirí leis na Ballstáit a gcinntí pleanála agus soláthair cosanta a chomhordú, a chomhthiomsú agus a thabhairt le chéile go fóill d’ainneoin raon na n-uirlisí agus na gcreataí Eorpacha atá ar fáil dóibh. Dá bhrí sin, is ar bhonn náisiúnta den chuid is mó a eagraítear an t-éileamh go fóill, eascraíonn formhór na gcinntí infheistíochta as breithnithe intíre, tá siad bunaithe ar chlársceidealú náisiúnta, agus is minic nach gcuirtear breithnithe straitéiseacha agus éifeachtúlachta níos leithne san áireamh. Mar thoradh air sin, agus d’ainneoin céimeanna áirithe comhdhlúthaithe le 20 nó 30 bliain anuas, is ar bhonn náisiúnta go bunúsach a eagraítear taobh an tsoláthair go fóill, agus roghnaíonn na Ballstáit réitigh náisiúnta, nuair is féidir, mar gheall ar bhreithnithe tionsclaíocha agus slándála soláthair. Is é an toradh a

[12] Foinse sonraí: Meastacháin SIPRI le haghaidh an Choimisiúin Eorpaigh.

bhíonn air sin EDTIB scaipthe, a ghníomhaíonn i margaí cosanta éagsúla róchúnga, seachas i margadh aonair comhtháite i bhfad níos mó.

Laghdaítear leis sin EDTIB. Ar an gcéad dul síos, ní chuireann taobh an éilimh é féin in iúl i dteannta a chéile ar an mbealach is fearr is féidir. Is é an toradh a bhíonn air sin dúbláil agus deiseanna ligthe thar ceal chun frithpháirtiú agus sioncrónú a dhéanamh ar infheistíocht sa trealamh nó sa bhonneagar a bhfuil gá coitianta leo. Ar an dara dul síos, ní dhéantar taobh an tsoláthair a dhreasú chun comhoibriú nó fiú comhtháthú a dhéanamh, d’fhonn freastal ar léiriú níos éifeachtúla ar éileamh. Tá easpa intuarthachta agus maise criticiúla ag baint leis sna horduithe a chuirtear isteach, agus dá bhrí sin ní éiríonn leis barainneachtaí scála a ghabháil. Ar an tríú dul síos, is gnách do na Ballstáit, go háirithe le déanaí, táirgí réamhdhéanta a fháil ó thríú tíortha, rud a laghdaíonn an t-éileamh inmheánach agus a infheistíonn airgead cháiníocóirí na hEorpa i bpoist agus i bpríomhtheicneolaíochtaí thar lear seachas san Eoraip.

Leis sin, cuirtear d’oibleagáid ar EDTIB díriú ar onnmhairí chun a inmharthanacht a áirithiú, rud a d’fhágfadh go mbeadh baol ann go mbeifí ag brath go rómhór ar orduithe tríú tíortha, agus mar thoradh air sin d’fhéadfadh sé nach mbeadh sé ina thosaíocht chomh mór céanna freagairt d’orduithe na mBallstát ná conarthaí tríú tír a urramú i gcás géarchéimeanna agus ganntanais ghaolmhara.

Baintear an bonn de shlándáil an tsoláthair leis an meascán de na patrúin thuas. Tá an margadh aonair ag leibhéil níos ísle anois, áit a síneann slabhraí soláthair go forleathan thar theorainneacha. Mar sin féin, ní léirítear é sin i rialachas straitéiseach comhchoiteann ar leibhéal an Aontais lena dtacófaí le slándáil an tsoláthair i gcásanna géarchéime. Le treocht an róspleáchais ar sholáthairtí tríú tíortha, baintear an bonn a thuilleadh de shlándáil an tsoláthair agus den tsaoirse gníomhaíochta i gcás géarchéimeanna.

### 1.4. Cuidiú leis an Úcráin fogha na Rúise a sheasamh: rannchuidiú cinntitheach ón Aontas, ach tá acmhainneacht láidir ann chun feabhsú a dhéanamh

Léirigh an tAontas agus a Bhallstáit go bhfuil siad in ann tacaíocht a shlógadh go pras d’fhórsaí armtha na hÚcráine, lena n-áirítear tacaíocht ó EDTIB. Ó dheireadh mhí Eanáir 2024 ar aghaidh, rinne an tAontas agus a Bhallstáit i dteannta a chéile trealamh míleata dar luach níos mó ná EUR 28 mbilliún a sheachadadh chuig an Úcráin.

A bhuí leis an tSaoráid Eorpach Síochána (SES), thacaigh an tAontas leis an Úcráin laistigh de chúpla lá tar éis ionradh iomlán na Rúise i mí Feabhra 2022, trí na Ballstáit a chuir cúnamh míleata chuig an Úcráin a aisíoc. Tá tuilleadh seachadtaí trealaimh mharfaigh agus neamh-mharfaigh chun na hÚcráine á spreagadh ag an tSaoráid Eorpach Síochána. Leis an tionscnamh armlóin trí rian[13], tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir le creat uaillmhianach chun seachadadh agus soláthar armlóin airtléire agus diúracán talamh go talamh, chomh maith le borradh tionsclaíoch, a dhreasú.

Tríd an tionscnamh sin, chuir na Ballstáit orduithe isteach san Aontas agus san Iorua chun armlón airtléire breise a fháil, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí úsáid a bhaint as na creatchonarthaí[14] a ndearna an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint caibidlíocht orthu thar a gceann le tionscal cosanta na hEorpa. Leis an tacaíocht ón Aontas a chuirtear ar fáil

[13] *Delivery and joint procurement of ammunition for Ukraine* [Dlús a chur le seachadadh agus soláthar comhpháirteach armlóin don Úcráin], An Bhruiséil, an 20 Márta 2023, 7632/23, pdf (europa.eu)

[14] Amhail ón lá inniu, tá 60 creatchonradh sínithe ag GEC le tionscal na hEorpa.

tríd an Rialachán maidir le tacú le táirgeadh armlóin (ASAP)[15], méadaítear agus cuirtear dlús lena hacmhainneacht chun tacú leis an Úcráin agus chun stoic náisiúnta a athshlánú.

Léirigh EDTIB freisin gur féidir leis na hiarrachtaí sin a choinneáil ar bun go héifeachtach. Ó **thús an chogaidh, mhéadaigh EDTIB a acmhainneacht táirgeachta in armlón airtléire faoi 50 %**. Tá sé in ann aon mhilliún babhta airtléire a tháirgeadh cheana féin in aghaidh na bliana agus meastar go sroichfidh sé acmhainneacht os cionn 1.4 milliún faoi dheireadh 2024 agus 2 mhilliún faoi dheireadh 2025.

Chomh maith leis na tabhartais ó stoic na mBallstát agus ó sholáthar arna chistiú ag an tSaoráid Eorpach Síochána, chuir EDTIB méid suntasach armlóin airtléire ar fáil freisin trí chonarthaí díreacha leis an Úcráin, rud a léiríonn a cumas rannchuidiú leis an gcomhrac i gcoinne na bhfórsaí ionsaithe.

Chuir an tAontas tionscnaimh nua i bhfeidhm freisin amhail an Rialachán maidir le hionstraim a bhunú chun tionscal cosanta na hEorpa a atreisiú trí sholáthar comhoibríoch (EDIRPA)[16]. Mar sin féin, ní mór tuilleadh a dhéanamh, ar an leibhéal tionsclaíoch agus ar an leibhéal rialtais araon.

### 1.5. Ó fhreagairtí éigeandála go dtí an ullmhacht: tá sé in am athrú paraidíme a dhéanamh

Tá sé in am bogadh ó fhreagairtí éigeandála chuig ullmhacht cosanta struchtúrach an Aontais ar fud na dtréimhsí ama uile. Ní mór don Aontas a áirithiú go mbeidh tomhaltáin ar fáil dá Bhallstáit agus dá chomhpháirtithe sna méideanna is gá, lena n-áirítear le linn géarchéime, agus a áirithiú san am céanna go ndéanfar cumais chriticiúla ardleibhéil den chéad ghlúin eile a fhorbairt agus a sholáthar go tráthúil sna blianta amach romhainn. Cuirtear riachtanais chosanta na hÚcráine san áireamh leis sin freisin. Ina theannta sin, ní féidir le Ballstát aonair rochtain shlán ar réimsí faoi chonspóid a chosaint ar bhealach éifeachtach, amhail an réimse spáis, an cibir-réimse, an réimse aeir agus an réimse muirí. Dá bhrí sin, ní mór don Aontas a chumas a fhorbairt chun a áirithiú go mbeidh rochtain aige ar na réimsí sin i dteannta a chéile, tríd an infheistíocht is gá a dhéanamh i réitigh ar an leibhéal Eorpach.

Ciallaíonn EDTIB iomaíoch a rannchuidíonn le slándáil shaoránaigh an Aontais earnáil thionsclaíoch atá in ann a barr feabhais teicneolaíochta a choinneáil ar bun agus, san am céanna, an méid is gá a sholáthar, nuair is gá, gan srianta a eascraíonn as spleáchais sheachtracha iomarcacha nó as scrogaill sheachtracha iomarcacha[17]. Tá sé ríthábhachtach go bhfuil earnáil tionsclaíochta ann a dhéanann infheistíocht in acmhainneachtaí nua agus atá réidh le haistriú chuig samhail eacnamaíoch 'chogaidh' nuair is gá.

Tugtar le tuiscint leis sin go mbeidh rannpháirtíocht chomhchoiteann phoiblí agus phríobháideach ann. Tá an tAontas réidh chun tacú leis na Ballstáit agus le EDTIB araon tríd an riosca a bhaineann le hinfheistíochtaí a laghdú, rud a chuirfidh le beartas cosanta

---

[15] Rialachán (AE) 2023/1525 maidir le tacú le táirgeadh armlóin (ASAP), IO L 185, 24.7.2023, lgh. 7-25.

[16] Rialachán (AE) 2023/2418 maidir le hionstraim a bhunú chun tionscal cosanta na hEorpa a atreisiú trí sholáthar comhoibríoch (EDIRPA), IO L, 2023/2418, 26.10.2023.

[17] Thairbheodh EDTIB de Mhargadh Aonair an Aontais atá níos athléimní trí bhearta a chur chun feidhme, go háirithe le linn géarchéime, ar bearta iad a leagtar amach in '*Updating the 2020 New Industrial Strategy*: *Building a stronger Single Market for Europe's recovery*' [Straitéis Tionsclaíochta Nua 2020 a thabhairt cothrom le dáta: Margadh Aonair níos láidre a thógáil le haghaidh théarnamh na hEorpa], COM(2021) 350.

tionsclaíoch níos uaillmhianaí ar leibhéal an Aontais. Chun an méid sin a bhaint amach, ní mór don Aontas an leas is fearr is féidir a bhaint as na tairbhí a bhaineann le hiomaíocht, comhar agus comhdhlúthú. Ar an gcaoi chéanna, ní mór iomaíochas EDTIB agus a chumas onnmhairithe a chaomhnú, agus a áirithiú san am céanna gur féidir leis na Ballstáit brath go hiomlán ar a dtionscal cosanta chun a riachtanais a chomhlíonadh go tráthúil agus sa mhéid is gá, i gcás ina mbeidh slándáil shaoránaigh an Aontais i mbaol.

Leis an straitéis sin, tugtar isteach bearta chun an méid seo a leanas a dhéanamh i) tacú le hullmhacht thionsclaíoch an Aontais um an gcosaint, bunaithe ar chomhordú méadaithe ar riachtanais chosanta na mBallstát, ii) EDTIB a neartú chun tuilleadh a tháirgeadh, agus slándáil an tsoláthair a áirithiú san am céanna, iii) na hacmhainní airgeadais a fhorbairt chun tacú le hullmhacht thionsclaíoch an Aontais um an gcosaint agus iv) cultúr ullmhachta tionsclaíche um an gcosaint a phríomhshruthú, agus v) oibriú go héifeachtach le comhpháirtithe san am céanna. Mar chéad tionscnamh láithreach, tá Rialachán nua lena mbunaítear EDIP á mholadh ag an gCoimisiún, chun leanúnachas na tacaíochta le haghaidh EDTIB sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) atá ann faoi láthair a áirithiú, agus cineálacha nua tacaíochta á dtástáil san am céanna i bhfianaise na chéad chlárthréimhse eile.

Leis an EDIP atá beartaithe, leathnófar an tacaíocht a thugann EDIRPA agus ASAP d'iomaíochas EDTIB ó thaobh ama agus raon feidhme de. Dreasóidh sé comhar i gcéim soláthair na dtáirgí cosanta a mhonaraíonn EDTIB, tacóidh sé le tionsclú táirgí a eascraíonn as gníomhaíochtaí arna gcistiú ag CEF nó as creataí comhair eile de chuid an Aontais agus, ar bhonn níos ginearálta, tacóidh sé leis an mborradh tionsclaíoch i réimse na cosanta san Aontas. Bunóidh sé freisin córas de chuid an Aontais maidir le Slándáil an tSoláthair chun feabhas a chur ar an dlúthpháirtíocht agus ar an éifeachtacht laistigh den Aontas mar fhreagairt ar ghéarchéimeanna.

## 2. ULLMHACHT A GHIARÁIL TRÍ INFHEISTÍOCHT: TUILLEADH A INFHEISTIÚ, AR BHEALACH NÍOS FEARR, I DTEANNTA A CHÉILE AGUS SAN EORAIP

I ndeireadh na dála, braitheann réadú an bhorrtha thionsclaíoch cosanta ar líon méadaithe orduithe ó na Ballstáit, orduithe nach féidir a chur isteach gan buiséid mhéadaithe i réimse na cosanta. Tá tús curtha ag na Ballstáit lena mbuiséid a mhéadú ar luas urghnách ó mhí Feabhra 2022 (féach Bosca 1). Mar sin féin, tá gá le hinfheistíocht i bhfad níos mó ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach chun tionscal an Aontais a oiriúnú go struchtúrach, chun é a dhéanamh níos nuálaí agus níos iomaíche, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar an réaltacht slándála nua. Tá sé ríthábhachtach anois go mbainfidh an tAontas i dteannta a chéile an leas is fearr as an méadú buiséadach leanúnach sin chun ullmhacht thionsclaíoch um an gcosaint a bhaint amach. Chuige sin, tá an Coimisiún agus an tArdionadaí/Ceann na Gníomhaireachta réidh chun tacú leis na Ballstáit leanúint de thuilleadh a infheistiú, agus é sin a dhéanamh ar bhealach níos fearr, i dteannta a chéile, agus san Eoraip.

### 2.1. Infheistíocht níos fearr a dhéanamh

Ciallaíonn tuilleadh a infheistiú ar bhealach níos fearr infheistíochtaí a spriocdhíriú san áit is mó a bhfuil tábhacht leo, dúbailt a sheachaint agus éifeachtúlacht a mhéadú. Chuige sin, tá gá le comhordú feabhsaithe ar phleananna agus iarrachtaí infheistíochta na mBallstát.

### *2.1.1. Feidhm nua chomhpháirteach maidir le clársceidealú agus soláthar*

Mar a fógraíodh sa Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le hAnailís ar Bhearnaí Infheistíochta sa Tionscal Cosanta agus an Bealach Chun Tosaigh, neartóidh cur chuige struchtúrtha maidir le clársceidealú agus soláthar trédhearcacht, comhordú agus comhsheasmhacht idir na Ballstáit, agus idir na Ballstáit agus institiúidí an Aontais. Déanfaidh sé na tionscnaimh atá ann cheana i réimsí an chumais, an tionscail, an taighde agus an bhonneagair cosanta a chomhlánú agus a chuíchóiriú, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann beartú tosaíochta beacht agus comhroinnte a dhéanamh, chomh maith le hiarrachtaí leanúnacha comhair.

Tabharfaidh **an Bord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint (dá ngairtear 'an Bord' anseo feasta)** na Ballstáit, an tArdionadaí/Ceann na Gníomhaireachta, agus an Coimisiún le chéile, i bhformáidí éagsúla 1) chun feidhm chomhpháirteach an Aontais maidir le clársceidealú agus soláthar i réimse na cosanta a bheartaítear sa Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le hAnailís ar Bhearnaí Infheistíochta sa Tionscal Cosanta a chomhlíonadh agus 2) chun tacú le cur chun feidhme EDIP.

Chun **feidhm chomhpháirteach an Aontais maidir le clársceidealú agus soláthar i réimse na cosanta** a chur i gcrích, lena gcuirtear le hobair rathúil an Tascfhórsa um Sholáthar Comhpháirteach Cosanta, cuirfidh an Bord fóram ar fáil, a thionólfaidh an Coimisiún agus an tArdionadaí/Ceann na Gníomhaireachta, chun tosaíochtaí sainaitheanta ar leibhéal an Aontais a phlé agus a mhionchoigeartú, gan dochar dá róil agus dá bhfreagrachtaí faoi seach. San fhormáid sin, a bhunófar leis an straitéis sin, tacóidh an Bord freisin le comhordú agus díchoinbhleachtú phleananna soláthair na mBallstát agus cuirfidh sé treoir straitéiseach ar fáil d'fhonn an t-éileamh agus an soláthar a chomhoiriúnú ar bhealach níos éifeachtaí. I ndáil leis sin, ba cheart go ndéanfaí leis an obair i gcomhthéacs an Bhoird comhthuiscint a chumasú i measc na mBallstát maidir le comhdhéanamh EDTIB agus comhfheasacht maidir le hacmhainneachtaí táirgthe san Aontas a chur chun cinn. Bunaithe ar dhearcadh comhdhlúite ar na hacmhainneachtaí tionsclaíocha atá ann faoi láthair, ba cheart do na comhaltaí, ag teacht le chéile dóibh i gcomhthéacs an Bhoird, measúnú a dhéanamh ar na hacmhainneachtaí táirgthe is gá chun freastal ar riachtanais shainaitheanta soláthair agus ba cheart dóibh cuspóirí comhfhreagracha maidir le táirgeadh tionsclaíoch cosanta a mholadh, go háirithe i gcás na n-acmhainneachtaí is criticiúla.

Maidir le feidhm an Aontais maidir le clársceidealú agus soláthar comhpháirteach i réimse na cosanta, eagróidh an Coimisiún agus an tArdionadaí/Ceann na Gníomhaireachta na cruinnithe i gcomhthéacs an Bhoird agus déanfaidh siad comhchathaoirleacht orthu.

Ina theannta sin, chun **tacú le cur chun feidhme EDIP, bunófar an Bord go foirmiúil faoi Rialachán EDIP**, go háirithe chun slándáil an tsoláthair ar leibhéal an Aontais a áirithiú ach chun eolas agus cúnamh a thabhairt freisin maidir le cur chun feidhme na mbeart tacaíochta éagsúil do EDTIB a forbraíodh in EDIP. San fhoirmíocht sin, is é an Coimisiún a bheidh ina chathaoirleach ar an mBord féin, le rannpháirtíocht na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) agus na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint (GEC).

Chun an iarracht sin a chomhlánú, chun comhar éifeachtach idir rialtais agus tionscail a áirithiú agus chun idirphlé agus rannpháirtíocht níos dlúithe a bhunú, bunófar **Grúpa Ardleibhéil um Thionscal Cosanta na hEorpa**. Tiocfaidh an Grúpa seo le chéile i bhfoirmíochtaí sonracha (e.g. foirmíochtaí earnáilsonracha), ag brath ar an tsaincheist atá idir lámha, agus feidhmeoidh sé mar chomhchainteoir pribhléideach de chuid an Bhoird chun dul i gcomhairle leis an tionscal agus chun comhsheasmhacht a mhéadú idir

pleananna na mBallstát agus an méid is féidir le EDTIB a chur i gcrích, gan dochar do na rialacha iomaíochta is infheidhme laistigh den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

#### *2.1.2. Ó chlársceidealú straitéiseach go dtí Tionscadail Leasa Choitinn*

Ar cheann de na róil a bheidh ag an mBord, ag gníomhú dó mar fheidhm chomhpháirteach nua maidir le clársceidealú agus soláthar ar leibhéal an Aontais, **Tionscadail leasa choitinn a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint go comhpháirteach chun iarrachtaí agus cláir chistiúcháin an Aontais a dhíriú.** Beidh an fheidhm nua maidir le clársceidealú agus soláthar bunaithe ar na hionstraimí agus ar na tionscnaimh atá ann cheana, go háirithe an Plean Forbraíochta um Chumas, an tAthbhreithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint agus an Buanchomhar Struchtúrtha (PESCO).

D'fhonn a ullmhacht cosanta a mhéadú sa chomhthéacs slándála atá ann faoi láthair, ba cheart don Aontas **Tionscadail Eorpacha Leasa Choitinn um an gCosaint** a shainaithint, laistigh de Thosaíochtaí Forbartha Cumas an Aontais, ar a ndíreofar iarrachtaí agus acmhainní. Trí thuilleadh a infheistiú, ar bhealach níos fearr, i dteannta a chéile agus san Eoraip, beidh na Ballstáit in ann tionchar a gcuid infheistíochtaí a uasmhéadú chun cumais speictrim iomláin a fhorbairt agus a fheidhmiú. Rannchuideoidh sé sin le rochtain shlán ar réimsí straitéiseacha agus ar spásanna faoi chonspóid, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí chórais iomchuí a fhorbairt a d'fheidhmeodh mar bhonneagar cosanta Eorpach ar mhaithe leis an leas coiteann agus leis an úsáid choiteann. Ina theannta sin, rannchuideodh sé sin lena áirithiú go mbeadh na cumasóirí straitéiseacha is gá ar fáil do mhisin agus d'oibríochtaí, agus d'acmhainneacht mhear-imscartha an Aontais.

Ba cheart tionscadail le haghaidh cumais ar de chineál Eorpach iad a bheith i bhfeidhm san Aontas, nó ba cheart iad a bheith ag céim aibí forbartha, faoi 2035. Faoi réir chomhaontú na mBallstát, d'fhéadfaí an méid seo a leanas a áireamh orthu sin: cumais a bhaineann le cosaint chomhtháite aeir agus diúracán na hEorpa (ar deimhníodh a chriticiúlacht le linn fhogha míleata gan chúis na Rúise faoin Úcráin), Feasacht ar Réimse an Spáis, líonra de chumais chibearchosanta atá i gcomhréir leis an ngá atá ann an tAontas a chosaint go héifeachtach, chomh maith le sócmhainní cosanta muirí agus faoi uisce atá toisithe go cuí.

### 2.2. Infheistíocht a dhéanamh i dteannta a chéile

Is é tuilleadh a infheistiú i dteannta a chéile an réamhriachtanas chun ullmhacht níos láidre i réimse na cosanta a bhaint amach san Aontas. Ní mór do na Ballstáit comhoibriú a thuilleadh le linn shaolré an chumais, ag tosú ag céimeanna an taighde, na forbartha agus an tsoláthair. Tá ionstraimí ann cheana chun tosaíochtaí cumais agus deiseanna comhoibríocha (Athbhreithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint) a shainaithint. Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go mbainfear úsáid éifeachtach astu chun pleanáil do chumais chosanta nithiúla, chun infheistíocht a dhéanamh iontu agus, ar deireadh, chun iad a sheachadadh.

#### *2.2.1. An soláthar comhoibríoch mar an norm nuair is ábhartha: an loighic idirghabhála arna forbairt faoi EDIRPA a leathnú*

Chun rannchuidiú a thuilleadh le léiriú éifeachtach éilimh chun tacú le hiomaíochas EDTIB, **tá sé beartaithe ag an gCoimisiún loighic idirghabhála EDIRPA a leathnú** agus dlús a chur leis an tacaíocht do sholáthar comhchoiteann na dtáirgí cosanta a eascraíonn as EDTIB. Leis an ionú sin de EDIP, déanfar na costais airgeadais a bhaineann

le castacht an chomhair a fhrithháireamh, rud a théann níos faide ná na táirgí cosanta is práinní agus is criticiúla, agus ar an gcaoi sin leathnóidh sé réimse idirghabhála EDIRPA.

Cuideoidh ionú tacaíochta soláthair chomhpháirtigh EDIP le dlús a chur ar bhealach comhoibríoch le hoiriúnú an tionscail d'athruithe struchtúracha. Dreasófar leis sin an dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit freisin trína chur ar a gcumas dóibh éifeachtúlachtaí sa chaiteachas poiblí a mhéadú agus rannchuidiú le hidir-inoibritheacht agus le hidirmhalartacht.

Déanfaidh an Coimisiún agus an tArdionadaí/Ceann na Gníomhaireachta **an dul chun cinn** atá déanta i gcomhdhlúthú an éilimh ar chosaint **a thomhas** tar éis ghlacadh na straitéise sin. Ba cheart taighde agus forbairt (T&F) chomhoibríoch agus soláthar trealaimh cosanta comhoibríoch a bheith ina ngnáthchleachtas san Aontas de réir a chéile.

Go dtí seo, **ní raibh na Ballstáit in ann** an tagarmharc a chomhaontaigh siad ar dtús in 2007 **a chomhlíonadh**, is é sin 35 % dá mbuiséad iomlán trealaimh a chaitheamh ar sholáthar comhoibríoch trealaimh san Eoraip[18].

Chun aistriú i dtreo comhartha éilimh fadtéarmach marthanach chuig EDTIB, moltar do na Ballstáit an sprioc a bhaint amach maidir le **40 % ar a laghad den trealamh i réimse na cosanta a sholáthar ar bhealach comhoibríoch faoi 2030.**

Ar chomhlíonadh na sprice sin, cuirfidh infheistíochtaí cosanta breise atá ar siúl faoi láthair agus atá ar na bacáin ag na Ballstáit torthaí níos éifeachtúla ar fáil, rud a chuirfidh borradh cinntitheach faoi athléimneacht agus slándáil an Aontais. Leis na dreasachtaí suntasacha a chuireann EDIRPA agus EDIP ar fáil ar leibhéal an Aontais, mar aon le taithí i gcomhthéacs na Saoráide Eorpaí Síochána agus an ghá, na práinne agus na dlúthpháirtíochta níos mó a eascraíonn as an staid gheopholaitiúil atá ann faoi láthair, tá an méid sin fíor-riachtanach agus réadúil araon.

### *2.2.2. Gníomhú ar bhealach níos córasaí chun tacú leis an idir-inoibritheacht agus leis an inmhalartacht*

Léirigh taithí na hÚcráine sa chomhrac i gcoinne ionsaí gan údar na Rúise luach na gcumas cosanta idir-inoibritheach agus inmhalartaithe. Léirigh na ceachtanna a foghlaimíodh ón láthair chatha na dúshláin a bhaineann le húsáid a bhaint as an iliomad córas arm comhchosúil, ar córais iad nach bhfuil fíor-idir-inoibritheach ná fíor-inmhalartaithe, lena n-áirítear armlón den chailibre chéanna a tháirgtear i mBallstáit éagsúla. Chomh maith le mórdhúshlán oibríochtúil a léiriú, laghdaíonn sé sin iomaíochas, barainneachtaí scála agus, dá bhrí sin, cuireann sé teorainn le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Na srianta neamh-inbhuanaithe atá ann faoi láthair ina leith sin, tá bunchúiseanna leo sna saincheisteanna a bhaineann le ceanglais náisiúnta, glacadh caighdeán, agus deimhniú. Chun an margadh a dhíbhloghadh, tá trí ghné chomh tábhachtach céanna i gceist: sainmhíniú na mBallstát ar cheanglais choiteanna, caighdeáin atá ann cheana a úsáid nó cinn nua a ghiniúint, agus aitheantas frithpháirteach níos fearr ar dheimhnithe.

***Bosca 3: Baineann ceanglais, caighdeáin agus deimhnithe teicniúla fo-optamacha an bonn d'ullmhacht cosanta an Aontais***

Is rómhinic a rinne na Ballstáit cláir chomhoibríocha Eorpacha roimhe seo a chiapadh mar gheall ar an gclaonadh atá acu **ró-oiriúnú a dhéanamh agus ró-úsáid a bhaint as ceanglais náisiúnta a eascraíonn as próisis pleanála um chumais náisiúnta.** De ghnáth, is é an toradh a bhí air sin leaganacha iomadúla den chumas céanna, méadú ar chostais

[18] Arna bhunú ag Bord Stiúrtha Aireachta GEC in 2007.

T&F, soláthair agus cothabhála, úsáid fho-optamach slabhraí soláthair agus moilleanna ginte, chomh maith le deiseanna laghdaithe maidir le hoiliúint choiteann, lóistíocht choiteann agus deiseanna comhoibríocha eile.

Cé gur féidir le caighdeánú dian cuidiú le saincheisteanna den sórt sin a shárú, tá neart fianaise ann nach féidir le caighdeáin astu féin saincheisteanna idir-inoibritheachta agus idirmhalartachta a sheachaint go hiomlán. D’ainneoin na gComhaontuithe maidir le Caighdeáin (STANAGanna) a glacadh faoi chuimsiú ECAT, **is saincheist fós é glacadh deonach na gcaighdeán sin.** Tá dúshlán eile ann toisc gur minic nach ndéanann na caighdeáin atá comhaontaithe faoi láthair an idir-inoibritheacht agus an idirmhalartacht is gá a sholáthar go leordhóthanach i dtéarmaí oibríochtúla, ós rud é nach gcumhdaítear na córais chosanta uile leo agus níl siad mionsonraithe go leor go córasach.

Ar deireadh, **is saincheist fós é an deimhniú nach mór aghaidh a thabhairt uirthi.** Faoi láthair, is údaráis thiomnaithe a sheachadann deimhnithe ar an leibhéal náisiúnta agus ní aithnítear go frithpháirteach iad, go minic mar gheall ar phrótacail sábháilteachta, rud a chuireann isteach *de facto* ar an margadh agus a chuireann bac ar lóistíocht.

Is príomhchumasóir iad caighdeáin chosanta maidir le hidir-inoibritheacht an ábhair agus an trealaimh a úsáideann na fórsaí armtha. Tacaíonn an tAontas, go háirithe trí ghníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme ag GEC, leis na Ballstáit ceanglais chaighdeánaithe a shainaithint agus caighdeáin a úsáid i gcomhthéacs na dtionscadal comhoibríoch, agus úsáid á baint as STANAGanna mar phríomhthagairt san am céanna.

Tacaíonn go leor tionscadal CEF cheana féin le caighdeánú méadaithe trealaimh ar leibhéal an Aontais, d’fhonn idir-inoibritheacht agus idirmhalartacht a áirithiú laistigh d’aon chomhghuaillíocht. Dá bhrí sin, ceanglaíonn CEF ar na Ballstáit comhcheanglais fheidhmiúla a shainiú tríd an bpróiseas comhchuibhithe glaonna inar féidir leis na Ballstáit uile a bheith rannpháirteach. Mar sin féin, ba cheart iarrachtaí breise a dhíriú ar úsáid na gcaighdeán is coitianta atá ann cheana a dhreasú i dtáirgeadh agus i soláthar armála, rud a dhéanann na tionscnaimh atá ann cheana a chur chun cinn agus a chomhlánú. Maidir le Córas Tagartha na gCaighdeán Cosanta Eorpach (EDSTAR) arna bhainistiú ag GEC, lena sainaithnítear na Caighdeáin maidir le Dea-Chleachtais chun tacú le cláir, le heagraíochtaí agus le gníomhaireachtaí, ba cheart é a bheith ina bhonn leis an obair a dhéanfar amach anseo. Tá EDSTAR comhlántach le STANAGanna ECAT agus is é is aidhm dó éifeachtacht, éifeachtúlacht agus idir-inoibritheacht chur i bhfeidhm na gcaighdeán le haghaidh táirgí agus seirbhísí cosanta agus slándála a bharrfheabhsú. Le cláir agus uirlisí tionsclaíocha cosanta an Aontais, ba cheart tuilleadh dreasachta a thabhairt do thionscadail a rannchuidíonn le caighdeánú agus comhchuibhiú ceanglas agus ba cheart tosaíocht a thabhairt dóibh.

**Dá bhrí sin, déanfaidh an Coimisiún,** laistigh dá chláir thionsclaíocha i réimse na cosanta agus go háirithe in CEF, **úsáid caighdeán sibhialta comhaontaithe** – i gcomhréir le straitéis chaighdeánaithe an Aontais[19] – nó **úsáid caighdeán cosanta amhail STANAGanna ECAT** a chur chun cinn.

Is féidir deimhniú a shainmhíniú mar an t-aitheantas foirmiúil go gcomhlíonann trealamh na ceanglais is infheidhme lena ráthaítear gur féidir é a úsáid gan guais shuntasach d’oibreoirí. In earnáil na cosanta, áit a bhféadfadh trealamh beatha na n-oibreoirí a chur i mbaol go mór, áirithíonn na Ballstáit coimircí trí shainordú a thabhairt d’údaráis

[19] Straitéis an Aontais um Chaighdeánú, COM(2022) 31.

(Gníomhaireachtaí laistigh d'Aireachtaí Cosanta de ghnáth) trealamh a dheimhniú sula bhféadfar é a úsáid. De dheasca easpa aitheantais fhrithpháirtigh ar dheimhnithe, ní féidir táirge a thairiscint ar fud margadh áirithe, fiú laistigh den Aontas Eorpach.

Chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le deimhniú, **tacóidh an Coimisiún freisin le gníomhaíochtaí gasta trasdeimhniúcháin**, lena n-áirítear tástáil ghaolmhar nuair is gá. Is ann do thrasdheimhniú den sórt sin cheana féin, ar bhonn deonach, laistigh d'earnáil na haeracmhainneachta faoi chuimsiú GEC. Féachfaidh an Ghníomhaireacht freisin le gníomhaíochtaí deimhniúcháin, tástála agus meastóireachta eile a éascú a thuilleadh. Go háirithe, trí obair GEC maidir le tástáil agus meastóireacht cosanta a neartú, d'éascófaí comhordú gníomhaíochtaí tástála lena ndírítear ar thrasdheimhniú trealaimh chomhchosúil a áirithiú ar fud na n-ardán.

Ina theannta sin, in imthosca sonracha le linn géarchéime, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún aitheantas frithpháirteach ar dheimhnithe náisiúnta a cheadú, faoi fhorálacha EDIP.

### *2.2.3. I dtreo cláir láidre chomhoibritheacha saolré iomlán um armáil: an Struchtúr do Chlár Armála na hEorpa mar uirlis chumhachtach nua*

Tá cláir armála chomhoibritheacha na mBallstátag tabhairt aghaidh ar dhúshláin mhóra. Is ar bhonn *ad hoc* den chuid is mó a bhunaítear iad agus déanann an easpa uirlisí i gcomhréir lena gcastacht dochar dóibh. Mar thoradh air sin, is minic a bhíonn moilleanna agus róchaiteachas ann. Cé gur chuir CEF agus PESCO dreasachtaí agus creataí ar fáil chun an staid sin a leigheas, ní mór tiomantas na mBallstát don chomhar le linn shaolré iomlán na gcumas cosanta a spreagadh agus a chumhachtú a thuilleadh. Chun an méid sin a bhaint amach, **cuirfidh an Coimisiún creat dlíthiúil nua ar fáil – an Struchtúr do Chlár Armála na hEorpa (SEAP)** – mar bhealach chun bonn a chur faoin gcomhar cosanta agus chun é a neartú, lena n-áirítear i gcomhthéacs PESCO, má chomhaontaíonn na Ballstáit amhlaidh.

Laistigh den chreat dlíthiúil nua sin, tairbheoidh na Ballstáit de nósanna imeachta caighdeánaithe maidir le comharchláir chosanta. Faoi réir coinníollacha sonracha, beidh na Ballstáit in ann tairbhiú de ráta cistiúcháin méadaithe i gcomhthéacs EDIP chomh maith le nósanna imeachta soláthair simplithe agus comhchuibhithe. I gcás ina bhfuil úinéireacht chomhpháirteach ag na Ballstáit ar an trealamh arna sholáthar trí SEAP (ag gníomhú dóibh mar eagraíocht idirnáisiúnta), beidh siad in ann **tairbhiú de dhíolúine CBL**. Thairis sin, **déanfaidh EDIP foráil maidir le bónas** le haghaidh táirgí a fhorbraítear agus a sholáthraítear i gcomhthéacs SEAP má thagann na Ballstáit lena mbaineann ar chomhaontú maidir le cur chuige coiteann i leith onnmhairí le haghaidh cosanta. Ina theannta sin, leis an stádas mar eagraíocht idirnáisiúnta, beidh na Ballstáit in ann, más mian leo, teidil fiachais a eisiúint agus plean maoinithe fadtéarmach na gclár armála a áirithiú. Cé nach mbeadh an tAontas faoi dhliteanas eisiúint fiachais ag na Ballstáit, le ranníocaíochtaí CETC le feidhmiú SEAP, d'fhéadfaí feabhas a chur ar na coinníollacha maidir le maoiniú na gclár armála ó na Ballstáit, cláir atá incháilithe le haghaidh tacaíocht ón Aontas.

Cuideoidh an uirlis nua sin freisin le hiarrachtaí comhair na mBallstát a threisiú, i gcomhréir leis na tosaíochtaí cumais arna gcomhaontú go comhchoiteann ag na Ballstáit faoi chuimsiú an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES), go háirithe trí CDP. Ba cheart di cur chun feidhme thionscadail PESCO a éascú agus tacú leis, chomh maith le rannchuidiú le chomhlíonadh na ngealltanas níos ceangailtí a thug na Ballstáit rannpháirteacha. I gcomhthéacs Athbhreithniú Straitéiseach leanúnach PESCO, d'fhéadfadh an tArdionadaí a mholadh do na Ballstáit rannpháirteacha na gealltanais níos ceangailtí a bhaineann le EDTIB a neartú agus gealltanais nua a d'fhéadfadh a bheith ann

a mheas, go háirithe maidir le soláthar comhpháirteach ó EDTIB, i gcomhréir le huaillmhian na straitéise atá ann faoi láthair. D'fhéadfaí iad sin a chur san áireamh freisin i mbunú agus i gcur chun feidhme thionscadail PESCO.

Mar a thuairiscítear i roinn 3 den Teachtaireacht Chomhpháirteach seo, d'fhéadfadh SEAP tacú le forbairt fréamhshamhlacha a eascraíonn as gníomhaíochtaí comhoibríocha T&F arna gcistiú ag CEF i dtreo táirgeadh tionsclaíoch.

## 2.3. Infheistíocht a dhéanamh san Eoraip

Trí thuilleadh a infheistiú, ar bhealach níos fearr agus i dteannta a chéile, méadófar ullmhacht cosanta an Aontais i gcás ina rachaidh na hinfheistíochtaí méadaithe a eascraíonn as buiséid náisiúnta níos mó chun tairbhe thionscal cosanta an Aontais agus sa chás sin amháin. Mar sin féin, tá díriú infheistíochtaí na mBallstát in EDTIB ag brath go mór ar chumas EDTIB a léiriú go bhfuil sé in ann freastal ar an éileamh ó na Ballstáit ó thaobh luais agus toirte araon de.

Na cinntí práinneacha maidir le héadáil a rinne na Ballstáit i bhfianaise na timpeallachta slándála atá ag dul in olcas go mór, rinneadh iad i gcomhthéacs EDTIB atá fós srianta mar gheall ar acmhainneacht theoranta táirgeachta ar mhéid ré na síochána. Chuaigh an borradh ar éadálacha chun tairbhe don thionscal neamh-Aontais den chuid is mó. Dá bhrí sin, paraiméadar nua d'iomaíochas EDTIB agus de shlándáil an Aontais is ea infhaighteacht in am agus i méid, go háirithe le linn tréimhsí ina bhfuil teannas slándála méadaithe ann.

Mar thoradh ar dhiansaothrú na treochta sin, tá méadú tagtha ar spleáchais atá ann cheana nó tá cinn nua á nginiúint, rud a chuireann teorainn le fáinne óir féideartha na hinfheistíochta méadaithe a mbeadh neartú EDTIB mar thoradh air. Tháinig méadú 89 % idir 2021 agus 2022 ar an líon éadálacha a rinneadh trí dhíolacháin mhíleata eachtracha na Stát Aontaithe san Aontas[20]. Thairis sin, tá monaróirí armála atá ag teacht chun cinn ó thríú tíortha eile tar éis dul isteach i margadh an Aontais freisin. Baineann an treocht sin an bonn d'iomaíochas EDTIB agus is é an toradh a bhíonn uirthi go gcruthaíonn airgead cháiníocóirí an Aontais poist thar lear agus, dá bhrí sin, ní mór í a thiontú thart.

Chuige sin, tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún, i gcomhar leis an Ardionadaí/Ceann na Gníomhaireachta, **Sásra Eorpach maidir le Díolacháin Mhíleata** a chruthú, lena n-éascófar infhaighteacht táirgí cosanta ó EDTIB agus lena méadófar feasacht maidir leis an infhaighteacht sin. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún sásra den sórt sin a thástáil trí scéim phíolótach laistigh de EDIP d'fhonn go ndéanfaidh na Ballstáit agus an tionscal sásra lánfheidhme a thógáil i gcomhar le chéile ó 2028 ar aghaidh. Is i gceithre cholún a eagrófar an sásra píolótach: 1) catalóg de tháirgí cosanta, 2) tacaíocht airgeadais chun comhthiomsuithe cumas cosanta a chruthú go tapa, 3) forálacha chun próisis soláthair a éascú, agus 4) bearta fothaithe acmhainneachta le haghaidh gníomhairí soláthair.

Ar an gcéad dul síos, trí chur leis na huirlisí atá ann cheana[21], oibreoidh an Coimisiún, i gcomhar leis an Ardionadaí/Ceann na Gníomhaireachta, chun **catalóg aonair, láraithe agus cothrom le dáta de tháirgí cosanta** arna bhforbairt ag EDTIB a bhunú. Léirigh an ghéarchéim armlóin i gcomhthéacs an chogaidh san Úcráin go raibh acmhainneacht táirgeachta thábhachtach ag an Aontas, ach mar thoradh ar thearcmheastachán forleathan na hacmhainneachta sin tugadh aird níos mó ar tháirgeoirí tríú tíortha. Tá míthuiscintí den

[20] Lárionad um Beartas Idirnáisiúnta, Monatóir Cúnaimh Slándála, securityassistance.org.

[21] Amhail bunachar sonraí EUCLID GEC.

sórt sin dochrach do EDTIB agus ba cheart iad a cheartú. Chun infheictheacht na réiteach a dhéantar san Aontas a mhéadú, cuirfidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis an Ardionadaí/Ceann na Gníomhaireachta, pointe iontrála aonair ar fáil lena bhféadfar táirgí cosanta a tháirgeann EDTIB a shainaithint. Cuirfear catalóg den sórt sin ar fáil go deonach ón tionscal, trí ghlaonna tiomnaithe ar léiriú spéise.

Ar an dara dul síos, tacóidh an Coimisiún le **comhthiomsuithe ullmhachta tionsclaíche um an gcosaint** a chruthú, chun infhaighteacht na dtáirgí cosanta a dhéantar san Aontas a mhéadú agus chun dlús a chur le ham seachadta na dtáirgí sin. Trí chainníochtaí teoranta a tháirgeadh do mhargaí náisiúnta níos lú, tá ár dtionscal thíos le míbhuntáiste iomaíoch *vis-à-vis* gníomhaithe neamh-Aontais. Cé go bhfuil aga seachadta comhchosúil nó níos giorra ag monaróirí an Aontais i gcomparáid le monaróirí neamh-Aontais, is minic gur féidir táirgí neamh-Aontais a chur ar fáil go héasca ó laistigh de stoic neamh-Aontais atá ann cheana, rud a fhágann go mbíonn na réitigh neamh-Aontais sin níos tarraingtí. Laistigh de EDIP, molann an Coimisiún tacaíocht airgeadais a thabhairt do cheannach cainníochtaí breise cumas cosanta a bhfuil cinneadh déanta ag na Ballstáit iad a sholáthar go comhpháirteach laistigh de SEAP. D’fhágfadh sé sin go bhféadfaí cúlchistí straitéiseacha a chruthú a d’fhéadfaí a chur ar fáil go tapa do chustaiméirí breise, rud a d’fhágfadh go mbeadh scéim Rialtas-go-Rialtas tarraingteach ann. Is iad na Ballstáit sin atá mar chuid den Struchtúr do Chlár Armála na hEorpa a bhunóidh an rialachas maidir le húsáid trealaimh sa chúlchiste.

Ar an tríú dul síos, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún **córas caighdeánach a thabhairt isteach a bheidh infheidhme amach anseo maidir le conarthaí cosanta agus creat-chomhaontuithe** le monaróirí atá bunaithe san Aontas. Le dlí an Aontais, ceadaítear cheana féin do na Ballstáit a gconarthaí agus a gcreat-chomhaontuithe a oscailt do Bhallstáit eile, nuair a fhoráiltear don fhéidearthacht sin ó thús an nós imeachta soláthair. Mar sin féin, is annamh a úsáideann na Ballstáit an fhéidearthacht sin. Mar thoradh air sin, tá an soláthar a dhéanann Ballstáit eile trí na conarthaí agus na creat-chomhaontuithe sin an-teoranta. Chun an cás sin a leigheas ar bhealach struchtúrach, d’fhorálfaí leis an gcóras caighdeánach sin, mura sonraítear a mhalairt go sainráite, **go bhféadfaí conradh cosanta/creat-chomhaontú cosanta a oscailt** d’aon Bhallstát eile faoi na coinníollacha céanna leis an mBallstát soláthair (faoi réir chomhaontú na mBallstát atá i gceist). Ina theannta sin, bunaithe ar chleachtas na mBallstát ó cuireadh tús le cogadh foghach iomlán na Rúise i gcoinne na hÚcráine, is cosúil gur gá cead a thabhairt do na Ballstáit úsáid a bhaint freisin as creatchonarthaí náisiúnta atá ann cheana le monaróirí atá bunaithe san Aontas chun cainníochtaí breise a sholáthar thar ceann Ballstáit eile (creat an náisiúin ceannais). Dá bhrí sin, molann an Coimisiún, i gcomhthéacs EDIP, **síneadh a chur leis an maolú sealadach ar Threoir 2009/81/CE**, dá bhforáiltear sa Rialachán maidir leis an nGníomh chun Tacú le Táirgeadh Armlóin. De bhua an ‘Chlásail seo um Dhlúthpháirtíocht Thionsclaíoch’ sin, bheadh na Ballstáit in ann tairbhiú de chonarthaí na mBallstát eile, bheadh siad in ann a n-ualach riaracháin a laghdú (chomh maith leis an ualach tionsclaíoch), mar aon le trealamh a fháil a mbeadh aga seachadta laghdaithe aige.

Ar an gceathrú dul síos, chun soláthar ó EDTIB a éascú, d’fhéadfadh na Ballstáit tacaíocht a iarraidh faoi ionstraimí an Aontais atá ann cheana, amhail an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (TSI) [22] le haghaidh **fothú acmhainneachta riaracháin**, chomh maith le **cur chun feidhme athruithe ábhartha**. Go háirithe, d’fhéadfadh gníomhaireachtaí náisiúnta soláthair na mBallstát tacaíocht a iarraidh chun nósanna imeachta soláthair a shimpliú,

[22] Rialachán (AE) 2021/240 an 10 Feabhra 2021 lena mbunaítear Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, IO L 57, 18.2.2021, lgh. 1-16.

agus chun struchtúir rialachais, malartuithe faisnéise, oideachas agus oiliúint a atheagrú, d'fhonn soláthar comhpháirteach san Aontas a fheabhsú. Tacóidh GEC a thuilleadh leis an bhfothú acmhainneachta riaracháin sin trí fhóraim a chur ar fáil chun dea-chleachtais a chomhroinnt agus trí ghníomhaíochtaí comhair breise a shamhlú laistigh de raon feidhme a líonra Saineolaithe Éadála Cosanta.

Mar is amhlaidh i gcás soláthar comhoibríoch, tá sé ríthábhachtach go mbeidh an Coimisiún agus an tArdionadaí/Ceann na Gníomhaireachta in ann dul chun cinn a thomhas in éineacht leis na Ballstáit, ar dul chun cinn é a eascraíonn as an straitéis sin, a bhuí le sonraí arna soláthar ag na Ballstáit.

Is trí chomhar méadaithe amháin a bhainfidh infheistíochtaí méadaithe i réimse na cosanta a gcuspóir amach, mar réamhchoinníoll chun neamhéifeachtúlachtaí leanúnacha a shárú. Chun athléimneacht atá i gcomhréir le leibhéal na bagartha a bhaint amach, ba cheart do na Ballstáit leas a bhaint as na deiseanna iomlána a chuireann EDTIB ar fáil trí chomhoibriú thar raon iomlán na hinfheistíochta agus na héadála. Is féidir le dhá tháscaire an dul chun cinn a thagann as cur chun feidhme na straitéise sin a thomhas.

Ar an gcéad dul síos, idir 2017 agus 2023, tá méadú 64 % tagtha ar mhargadh cosanta an Aontais agus níl ach méadú beag tagtha ar an trádáil cosanta idir na Ballstáit agus níl ann anois ach 15 % de luach iomlán mhargadh cosanta an Aontais[23]. Ba cheart an treocht sin a thiontú thart. Iarrtar ar na Ballstáit a áirithiú, **faoi 2030, gur 35 % ar a laghad de luach mhargadh cosanta an Aontais a bheidh i luach na trádála cosanta laistigh den Aontas.**

Thairis sin, léirítear leis na sonraí le déanaí gur cuireadh nach mór 80 % d'infheistíochtaí cosanta na mBallstát chun feidhme le soláthraithe nach bhfuil san Aontas ó bhí 2022 ann, i gcomparáid le tuairim agus 60 % roimh an gcogadh. Cé go bhféadfadh údar maith a bheith leis ar chúiseanna práinne, is féidir aghaidh a thabhairt ar an tsolúbthacht imníoch sin trí thrédhearcacht níos fearr agus trí infhaighteacht nithiúil agus trí agaí tionscanta táirgí ó EDTIB.

Chun an uaillmhian chomhroinnte a chuimsítear sa straitéis sin a bhaint amach, ba cheart do na Ballstáit an treocht atá ann faoi láthair a thiontú thart agus a leibhéal soláthair ó EDTIB a thabhairt de réir a chéile go dtí an leibhéal réamhchogaidh, agus méadú a dhéanamh air a mhéid is féidir thar an bpointe sin. **Iarrtar ar na Ballstáit dul chun cinn seasta a dhéanamh i dtreo 50 % ar a laghad dá n-infheistíochtaí cosanta a sholáthar laistigh den Aontas faoi 2030, agus 60 % faoi 2035[24].**

---

[23] Le sonraí ó thuarascálacha bliantúla SEGS agus ó bhunachar sonraí SEGS maidir le trádbhac arm Bhallstáit an Aontais, cuirtear faisnéis úsáideach ar fáil maidir leis na treochtaí a dhéanann difear do mhargadh cosanta agus do thionscal na hEorpa. Ceadaítear leis tomhas a dhéanamh go háirithe ar dhéine na sreafaí trádála laistigh den Aontas, lena dtugtar tásca maidir le déine soláthair trasteorann táirgí deiridh agus déine sreafaí trasteorann i slabhraí soláthair EDTIB. Go deimhin, a mhéid a bhaineann le soláthar cosanta ag na Ballstáit, ní bhailítear sonraí maidir le tionscnamh táirgí ar bhealach láraithe. Oibreoidh seirbhísí an Choimisiúin, in éineacht le SEGS agus GEC, leis na Ballstáit chun modheolaíocht a fhorbairt chun sciar an tsoláthair ó EDTIB a thomhas i gcomparáid leis an sciar a théann chun tairbhe eintiteas tríú tíortha.

[24] Laistigh den Teachtaireacht maidir le hAnailís ar Bhearnaí Infheistíochta sa Tionscal Cosanta, thug an Coimisiún le fios, bunaithe ar fhoilseachán eolaíoch le D. Fiott (figiúirí allmhairiúcháin/onnmhairiúcháin Roinn Stáit na Stát Aontaithe á n-úsáid aige) gur caitheadh os cionn 60 % de bhuiséad soláthair cosanta na hEorpa ar allmhairí míleata neamh-Aontais idir 2007 agus 2016.

Trí na treochtaí atá ann faoi láthair a aisiompú agus trí na tagarmharcanna sin a chomhlíonadh, chuirfí go mór le hathléimneacht an Aontais agus le slándáil ár saoránach. Le tacaíocht bhreise do chomhar Eorpach arna thabhairt isteach ag EDIP agus CEF, chomh maith le cláir a thiocfaidh ina ndiaidh ó 2028 ar aghaidh, mar aon le toil láidir pholaitiúil agus tiomantas láidir ó na Ballstáit, beidh na tagarmharcanna sin réadúil agus indéanta.

***An Bealach chun cinn:***

Chun cuidiú leis na Ballstáit tuilleadh a infheistiú, ar bhealach níos fearr, i dteannta a chéile agus san Eoraip, déanfaidh an Coimisiún agus an tArdionadaí/Ceann na Gníomhaireachta an méid seo a leanas:

- **feidhm chomhpháirteach nua maidir le clársceidealú agus soláthar** a bhunú, trí Bhord Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint a chruthú, chomh maith le Grúpa Ardleibhéil um Thionscal Cosanta na hEorpa a mbeidh ról comhairleach aige.

Molann an Coimisiún an méid seo a leanas:

- **loighic EDIRPA, laistigh de EDIP, a leathnú,** maidir le tacú le comhar i soláthar táirgí a eascraíonn as EDTIB.
- **aitheantas frithpháirteach tapa ar dheimhniú** le linn géarchéime a chumasú, laistigh de EDIP.
- creat dlíthiúil nua, an Struchtúr do **Chlár Armála na hEorpa (SEAP)**, a chur ar fáil do na Ballstáit, chun an comhar i réimse na cosanta a neartú, i gcomhlántacht iomlán le creat PESCO.
- **Sásra Eorpach maidir le Díolacháin Mhíleata** a chruthú de réir a chéile, arb é is aidhm dó infhaighteacht threalamh an Aontais a spreagadh in am agus i méid.
- **Tionscadail Eorpacha Leasa Choitinn um an gCosaint** a sheoladh trí EDIP chun rannchuidiú, ar leibhéal an Aontais, le saor-rochtain an Aontais agus na mBallstát ar réimsí faoi chonspóid, amhail an réimse spáis, an cibir-réimse, an réimse aeir agus an réimse muirí, a dhaingniú agus a chosaint, agus chun tosaíochtaí forbartha cumais an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme.

Ina theannta sin, déanfaidh an tArdionadaí an méid seo a leanas:

- molfaidh sé do na Ballstáit atá rannpháirteach in PESCO, i gcomhthéacs Athbhreithniú Straitéiseach PESCO 2023-2025, **na gealltanais is ceangailtí i ndáil le EDTIB a neartú** (nó gealltanais nua a d'fhéadfadh a bheith ann a mheas), agus leas a bhaint as tionscadail PESCO chun uaillmhian na straitéise atá ann faoi láthair a chomhlíonadh.

## 3. INFHAIGHTEACHT A ÁIRITHIÚ: EDTIB FREAGRÚIL IN IMTHOSCA AGUS I DTRÉIMHSE AMA AR BITH

Is féidir leis an Aontas brath ar EDTIB den chéad scoth atá iomaíoch ar an iomlán cheana féin. Mar sin féin, i gcomhthéacs geopholaitiúil atá athraithe go mór ina gcaithfidh an tAontas agus na Ballstáit freagracht a ghlacadh as slándáil a saoránach, tá sé níos tábhachtaí ná riamh dul i gcomhpháirtíocht le EDTIB atá níos freagrúla agus níos athléimní. Is éard atá i gceist leis sin na dálaí a chruthú do thionscal cosanta an Aontais

Mar a léirítear i mBosca 1, le linn na tréimhse ó thús chogadh foghach na Rúise go dtí mí an Mheithimh 2023, rinneadh 78 % d'éadálacha cosanta Bhallstáit an Aontais as áiteanna lasmuigh den Aontas, agus is sna Stáit Aontaithe amháin a rinneadh 63 % den sciar sin.

chun freastal ar éileamh na mBallstát de réir ama agus scála. Cé go bhfuil na Ballstáit freagrach as orduithe daingne agus fadtéarmacha a chur i bhfeidhm lena n-áirithítear an intuarthacht mhargaidh is gá don tionscal cosanta, tá an Coimisiún réidh chun a shainchumais agus a chláir ábhartha a úsáid chun tacú leis an iarracht sin.

### 3.1. Tacú le freagairt níos gasta agus oiriúnú ilfheidhmeach do riachtanais phráinneacha

Mar a léiríodh go soiléir tar éis fhogha míleata na Rúise faoin Úcráin, tá slándáil an Aontais agus a chumas tacú go héifeachtach lena chomhpháirtithe ag brath ar a acmhainneacht trealamh cosanta a shlógadh go tapa. Ós rud é gur dócha go bhfanfaidh an leibhéal bagartha ard go ceann i bhfad, ní mór do EDTIB a bheith in ann a bhfuil ag teastáil a bhaint amach, sna cainníochtaí cearta agus sna háiteanna cearta, agus san am ceart. Chun an méid sin a bhaint amach, ní mór do EDTIB dul faoi aistriú paraidíme, agus níos mó rioscaí a ghlacadh chun a bheith níos freagrúla do riachtanais na mBallstát uile.

Ba cheart EDTIB a shlógadh d'fhonn athléimneacht agus slándáil an tsoláthair a mhéadú ar fud na hEorpa, agus aird iomlán á tabhairt ar riachtanais shonracha na mBallstát sin is mó atá neamhchosanta go díreach ar an mbaol go dtiocfaidh gnáthbhagairtí míleata chun cinn. Chun an méid sin a dhéanamh, ní mór aghaidh a thabhairt freisin ar scrogaill atá roimh ghluaiseacht thapa éifeachtúil gan bhac trealaimh agus cumas cosanta trí infheistíochtaí breise a dhéanamh sa tsoghluaisteacht mhíleata.

Beidh an tAontas ag gabháil leis an athrú meoin sin agus rannchuideoidh sé leis an riosca a bhaineann le hiarrachtaí a thionscail cosanta a laghdú, chun feabhas a chur ar a ullmhacht trí thacú le borradh a chur faoin acmhainneacht táirgeachta san Aontas, i réimsí arna sainaithint ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún i dteannta a chéile, agus aird ar leith á tabhairt ar FBManna agus ar chuideachtaí meánchaipitlithe beaga. Chun é sin a dhéanamh, **molann an Coimisiún loighic idirghabhála chlár ASAP a leathnú**, thar armlón agus diúracáin talamh go talamh, chun go mbeidh an tAontas in ann dlús a chur le hinfheistíochtaí táirgiúla in EDTIB le haghaidh na dtáirgí is mó a bhfuil gá leo. Le tacaíocht airgeadais an Aontais, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le méid méadaithe táirgeachta an trealaimh cosanta ábhartha, cuidiú lena aga seachadadh a laghdú agus aghaidh a thabhairt ar scrogaill agus ar thosca a d'fhéadfadh moill nó bac a chur ar a sholáthar agus ar a tháirgeadh. A mhéid is féidir, ba cheart go spreagfadh tacaíocht airgeadais den sórt sin comhpháirtíochtaí tionsclaíocha trasteorann agus comhar idir cuideachtaí ábhartha in iarracht chomhpháirteach tionscail, agus lánurraim á tabhairt do rialacha ábhartha airgeadais agus iomaíochta.

Mar sin féin, chun tacú leis an mborradh, is gá freisin déileáil leis na hiarmhairtí tionsclaíocha a bhaineann le laghdú a luaithe a chomhlíonfar an t-éileamh. Má dhéantar infheistíocht anois i bhforbairt **saoráidí 'i gcónaí réidh le dul' agus in athrú cuspóra féideartha ar línte táirgthe sibhialtacha**, chuirfí le slándáil shaoránaigh an Aontais, agus san am céanna, chaomhnófaí solúbthacht na hacmhainneachta monaraíochta EDTIB agus caomhnófaí a iomaíochas foriomlán.

Rannchuideoidh an Coimisiún trí EDIP chun acmhainneachtaí tionsclaíocha breise 'i gcónaí réidh le dul' a fhorbairt,rud a fhágfaidh go mbeidh an tsolúbthacht is gá ann chun dlús a chur leis an méadú mar fhreagairt ar arduithe práinneacha ar an éileamh. Bheadh sé sin an-iomchuí i gcás inar shainaithin na Ballstáit ganntanais ríthábhachtacha soláthair.

Beifear in ann foráil a dhéanamh maidir le cistiú, mar shampla, cistiú meaisín-uirlisí agus cistiú costas ábhartha pearsanra chun a áirithiú, i gcás mór-ghéarchéime, gur féidir le

EDTIB olltáirgeadh a dhéanamh ar a bhfuil ag teastáil i dtréimhse ghearr ama, trí fheabhas a chur ar infhaighteacht na n-acmhainneachtaí táirgthe, agus teicneolaíochtaí táirgthe á nuachóiriú san am céanna i gcás inar féidir. Áiritheofar leis sin gur féidir borradh a chur faoin acmhainneacht táirgeachta ar an bpointe i gcás inar gá.

Féachfaidh an Coimisiún freisin, i gcomhar leis na Ballstáit, ar bhearta chun línte táirgeachta ón tionscal sibhialtach a shlógadh go mear chun críoch táirgthe cosanta, agus chun a áirithiú go mbeidh an lucht saothair cáilithe is gá ar fáil faoi na cásanna sin (e.g. baill foirne a ullmhú ó thaobh imréitigh slándála agus oiliúna de). Cuirfidh na réitigh éifeachtacha phraiticiúla sin ar chumas tháirgeadh EDTIB a bheith réidh le dul in oiriúint gan mhoill do luaineacht san éileamh arna chur in iúl ag na Ballstáit.

***Bosca 3. Cás le haghaidh freagrúlacht níos fearr: olltáirgeadh ladrann is ábhartha don chosaint a bhaint amach i gcomhthéacs na n-iarrachtaí leanúnacha atá ar bun chun leas a bhaint as a n-acmhainneacht***

Tá ról cinntitheach ag córais gan foireann i réimsí an aeir, na farraige agus na talún sa láthair chogaidh san Úcráin, agus úsáidtear go forleathan iad le haghaidh taiscéalaíochta agus faisnéise, tacaíocht dóiteáin, agus mar éifeachtóirí freisin. Meastar go n-úsáideann an Úcráin suas le 10 000 ladrann aeir in aghaidh na míosa ar an láthair chatha agus 40 000 ladrann nua á dtáirgeadh aici in aghaidh na míosa.

Tomhaltáin ar chostas íseal is ea an chuid is mó díobh, agus is minic gur ladrainn shibhialtacha tráchtála iad ar athraíodh a gcuspóir, ach mar sin féin, tá siad in ann trealamh i bhfad níos costasaí a scriosadh. Cé nach laghdaíonn siad cás úsáide réimse leathan ladrann míleata sainchuspóireach, tá sé cruthaithe go bhfuil luach suntasach oirbheartaíochta agus straitéiseach ag baint leo.

Cé go bhfuil tacaíocht airgeadais á tabhairt ag CEF agus a réamhtheachtaithe ó 2017 do ghníomhaíochtaí cosanta T&F i ndáil le córais gan foireann, maidir le hacmhainneacht a fhorbairt chun dlús a chur leis an méadú go tapa agus olltáirgeadh trealaimh den sórt sin a bhaint amach, is féidir an méid sin a shainaithint mar phríomhghné d’ullmhacht cosanta an Aontais vis-à-vis coinbhleachtaí ard-déine. D’fhéadfadh sé sin a bheith ina ábhar do ghníomhaíochtaí faoi EDIP a bheidh ann amach anseo, agus ba cheart aon spleáchas criticiúil nó scrogall criticiúil a shainaithint agus deireadh a chur leis. Is féidir tacú le soláthar comhpháirteach ladrann nó córas aerárthaí gan foireann laistigh de EDIRPA freisin.

Tá Córais Aerárthaí Gan Foireann i measc riachtanais tosaíochta na hÚcráine a bhféadfaí tacú leo tríd an tSaoráid Eorpach Síochána, i gcomhar leis an obair a rinneadh i gcomhthéacs chomhghuaillíochtaí cumais an Ghrúpa Teagmhála um Chosaint na hÚcráine.

Ghlac an Coimisiún **Straitéis Eorpach maidir le Ladrainn 2.0** an 29 Samhain 2022, straitéis a bhfuil roinnt gníomhaíochtaí suaitheanta á gcur chun feidhme ina leith. Sa bhreis ar chistiú le haghaidh gníomhaíochtaí ábhartha T&F faoin gclár Fís Eorpach agus faoin gCiste Eorpach Forbraíochta, tionscnaíodh gníomhaíochtaí eile: ar an gcéad dul síos, glaonna comhordaithe lena gcomhcheanglaítear cistiú ó ionstraimí an Aontais agus iasachtaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) chun tacú le tionscadal suaitheanta nua maidir le ‘teicneolaíochtaí ladrann’; ar an dara dul síos, Treochlár Straitéiseach um Theicneolaíocht Ladrann a fhorbairt chun réimsí tosaíochta a shainaithint chun borradh a chur faoin taighde agus faoin nuálaíocht, spleáchais straitéiseacha atá ann cheana a laghdú agus cinn nua a sheachaint, nó líonra de chuid an Aontais maidir le lárionaid

tástála ladrann cosanta sibhialta a bhunú chun malartuithe idir an earnáil shibhialtach agus an earnáil cosanta a éascú.

Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'ilghnéitheacht EDTIB, molann an Coimisiún, mar chuid den EDIP atá beartaithe, **Ciste a chruthú chun Dlús a Chur le Claochlú Shlabhraí Soláthair na Cosanta (FAST).** Beidh sé d'aidhm ag an gciste **rochtain ar mhaoiniú fiachais agus/nó cothromais a éascú le haghaidh FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga** a thionsclaíonn teicneolaíochtaí cosanta agus/nó a mhonaraíonn táirgí cosanta nó a bhfuil pleananna atá ar tí tarlú acu i dtaca le dul isteach sna gníomhaíochtaí sin. Le FAST, d'fhéadfaí macasamhail den bhuiséad a leithdháileann EDIP ar an tionscnamh a ghiniúint in iasachtaí nó in infheistíochtaí cothromais.
Trí infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha breise a ghiaráil chun tacú le EDTIB, neartóidh FAST athléimneacht shlabhraí luacha thionscal cosanta an Aontais. Ba cheart go gcuideodh an tionscnamh seo freisin le tacú le héiceachóras infheisteoirí a fhorbairt atá dírithe ar chéimeanna fáis, infheistíocht a dhéanamh i soláthraithe cosanta criticiúla agus tacú le méadú cuideachtaí cosanta nuálacha.

## 3.2. Tús cadhnaíochta na teicneolaíochta i réimse na cosanta a shaothrú

Cé go bhfuil sé tábhachtach cumas an Aontais freagairt do nithe práinneacha slándála ó thaobh na monaraíochta de a dhaingniú, tá sé chomh tábhachtach céanna go bhfanfadh an Eoraip ar thús cadhnaíochta sa nuálaíocht. Tá gá níos mó ná riamh le hiarracht leanúnach T&F chun iomaíochas EDTIB a choinneáil ar bun san fhadtéarma, go háirithe maidir lena infhaighteacht chun leas a bhaint as acmhainneacht iomlán shármhaitheas a chuid eolaithe, innealtóirí agus nuálaithe. Sa ghearrthéarma, thacódh dul i ngleic leis na dúshláin atá ann faoi láthair, lena n-áirítear an cogadh leanúnach san Úcráin, le fionnachtana teicneolaíochta a bhaint amach.

### *3.2.1. Tacú leis an nuálaíocht agus acmhainneacht cosanta FBManna a bhaint amach*

Trí chomhar níos struchtúrtha agus níos córasaí a spreagadh agus tacú leis ar fud an Aontais, tá an bealach réitithe ag CEF i dtreo EDTIB níos nuálaí, agus i dtreo slabhraí soláthair a oscailt suas agus a Eorpú. Mar sin féin, tá sé ríthábhachtach uaillmhian an Aontais a mhéadú a thuilleadh chun nuálaíocht i réimse na cosanta agus teacht chun cinn gníomhaithe nua i slabhraí soláthair na cosanta a chothú go héifeachtúil. Ní mór don earnáil leas iomlán a bhaint as timthriallta nuálaíochta sibhialta níos tapúla le haghaidh teicneolaíochtaí a bhfuil acmhainneacht dé-úsáide acu chun a hiomaíochas a choinneáil ar bun agus chun lámh in uachtar an airm ar an láthair chatha a áirithiú.

Chun leanúint de bheith iomaíoch, ní mór tacaíocht a thabhairt don taighde ar chumais chosanta a sheasfaidh an aimsir, lena n-áirítear i dteicneolaíochtaí suaiteacha, mar bhonn don acmhainneacht agus don neamhspleáchas chun táirgí cosanta nuálacha a fhorbairt. Is féidir le teicneolaíochtaí suaiteacha éifeacht mhór chlaochlaitheach a imirt ar fhórsaí míleata na mBallstát agus buntáiste ríthábhachtach oibríochtúil a chur ar fáil dóibh. Chuige sin, ní mór don Aontas iarracht a dhéanamh **timthriallta cistiúcháin níos solúbtha, níos tapúla agus níos barainní a chur ar fáil do ghnóthais nuálacha** – go háirithe gnólachtaí nuathionscanta, FBManna, cuideachtaí meánchaipitlithe beaga agus Eagraíochtaí Taighde agus Teicneolaíochta (RTOnna) – **agus naisc níos fearr a éascú le húsáideoirí deiridh míleata agus le hinfheisteoirí míleata.**

I bhfianaise an mhéid sin, le Scéim Nuálaíochta Cosanta an Aontais (EUDIS), a forbraíodh faoin gCiste Eorpach Forbraíochta lena ngabhann buiséad EUR 2 bhilliún[25], molfar laistigh den CAI sin, seirbhísí tacaíochta nuálaíochta d'eintitis aonair, lena n-áirítear trí mheaitseáil le hinfheisteoirí, le comhpháirtithe agus le húsáideoirí deiridh, agus neartófar an tacaíocht do thástáil agus bailíochtú nuálach táirgí agus teicneolaíochta. Oibreoidh sé chun an rómhaorlathas a laghdú, go háirithe le haghaidh FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga, trí fhéachaint, mar shampla, ar **ghlaonna 'i gcónaí réidh le dul'** ar thionscadail a thabhairt isteach agus ar bhealaí chun tacú le haistriú teicneolaíochtaí a bhfuil gealladh fúthu ón réimse sibhialta go dtí réimse na cosanta, i gcás inarb infheidhme.

Leis an dlúthchomhar leanúnach idir an Coimisiún Eorpach (EUDIS) agus GEC (Mol Nuálaíochta um Chosaint an Aontais Eorpaigh – HEDI), cuirtear ar a gcumas do nuálaithe cosanta leas iomlán a bhaint as bearta tacaíochta saincheaptha an Aontais, lena n-áirítear an treoir maidir leis na ceanglais mhíleata maidir le cumas úsáideoirí deiridh agus na deiseanna chun nascadh le pobail chosanta na hEorpa. Ar bhonn bliantúil, tacaíonn EUDIS, i ndlúthchomhar le HEDI, le suas le 400 gnólacht nuathionscanta agus FBManna nuálacha chun cabhrú leo bacainní iontrála traidisiúnta a shárú.

Tacóidh seirbhísí an Choimisiúin le haiceatóin, tar éis dul i gcomhairle le EDA (HEDI), áit a dtiocfaidh innealtóirí óga agus gnólachtaí nuathionscanta le chéile chun teacht ar an réiteach is fearr chun saincheisteanna nithiúla na láithreach catha a réiteach, ag tosú leis na dúshláin a bhíonn ag fórsaí armtha na hÚcráine ar an láthair. Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch Cosanta na hÚcráine, feidhmeoidh **Oifig Nuálaíochta an Aontais i gCív** mar dhroichead idir gnólachtaí nuathionscanta agus nuálaithe an Aontais agus tionscal agus fórsaí armtha na hÚcráine. Cuideoidh sé le fionnachtana teicneolaíochta a tharchur a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an láthair chatha.

***Bosca 4. FBManna: i gcroílár iarrachtaí an Aontais cheana féin chun tacú leis an gcosaint thionsclaíoch***

Mar ghníomhaithe sofhreagrúla, tá ról níos tábhachtaí ná riamh ag FBManna mar sholáthraithe teicneolaíochtaí suaiteacha agus nuálaíochta sa phobal cosanta. Dá bhrí sin, tá beart déanta ag an gCoimisiún chun tacú le rannchuidiú níos gníomhaí FBManna le T&F cosanta an Aontais, go háirithe trí **ghlaonna tiomnaithe CEF a chur ar fáil atá dírithe ar FBManna** agus a rannpháirtíocht i ngach tionscadal eile á spreagadh acu san am céanna. Tá comhar trasteorann a bhaineann le FBManna ar cheann de chritéir dhámhachtana chlár CEF, agus bíonn bónais airgeadais i bhfeidhm bunaithe ar leibhéal rannpháirtíochta FBManna le haghaidh gníomhaíochtaí forbartha.

Mar thoradh ar ghlaonna EDF 2021 agus 2022, bronnadh EUR 354 mhilliún ar 511 FBM, arb ionann iad agus 40 % de na rannpháirtithe agus 20 % den chistiú faoi seach. I nglaonna CEF 2023, b'ionann rannpháirtíocht FBManna agus thart ar 50 % den líon iomlán eintiteas agus d'iarr siad 30 % de mhéid iomlán an deontais a iarradh. **Le haghaidh na tréimhse 2023-2027, meastar gur cheart do CEF FBManna a chistiú le suas le EUR 840 milliún.**

In 2022, leithdháil CEF EUR 224 mhilliún ar an Nuálaíocht Cosanta agus ar thacaíocht do FBManna faoi EUDIS, lena n-áirítear gníomhaíochtaí sonracha amhail dúshláin theicneolaíocha. Déantar bearta EUDIS a fhorbairt agus a chur chun feidhme a

[25] Buiséad EUR 1.46 billiún a fuarthas ón gCiste Eorpach Forbraíochta agus EUR 500 milliún arna ghiaráil ó fhoinsí poiblí agus príobháideacha eile.

thuilleadh chun tacú le FBManna le linn a dtimthriall fáis. Baineadh cloch mhíle mhór amach i mí Eanáir 2024, nuair a seoladh **Saoráid Chothromais Cosanta chun infheistíocht suas le EUR 500 milliún a dhéanamh do FBManna i réimse na cosanta a bhfuil gealladh fúthu chun tacú lena bhfás,** ar infheistíocht é a dhéanfar in éineacht leis an gCiste Eorpach Infheistíochta, atá mar chuid de ghrúpa BEI. In 2024 tá coinne leis go seolfar luasaire cosanta, agus eagrófar gníomhaíochtaí líonraithe leis na hinfheisteoirí.

### *3.2.2. Cabhrú le tionscadail CEF a bheith ina réaltacht inbhraite tar éis chéim T&F*

Le níos mó ná EUR 1 bhilliún in aghaidh na bliana le linn na tréimhse 2021-2027, is ionstraim chumhachtach cheana féin é CEF chun borradh a chur faoin gcomhar tionsclaíoch i réimse na cosanta agus chun taighde agus forbairt cosanta trasteorann a dhreasú, rud a rannchuidíonn le níos mó slabhraí luacha tionsclaíocha i réimse na cosanta Eorpaí[26].

Mar sin féin, thar na céimeanna taighde agus luathfhorbartha, baineann an comhoibriú ‘bearna tráchtálaithe’ amach ag an gcéim fréamhshamhaltaithe, áit a n-éiríonn an leibhéal rannpháirtíochta is gá ó na Ballstáit i bhfad níos airde.

Thairis sin, d’fhéadfadh ceanglais oibríochtúla éagsúla agus beartais thionsclaíocha náisiúnta a bheith ina gcúis le cuideachtaí cosanta deireadh a chur leis an gcomhar a luaithe a thiocfaidh deireadh le gníomhaíocht CEF. Chun é sin a sheachaint, d’fhéadfadh sé go mbeadh **tacaíocht leanúnach i dtreo tionsclaithe** ag teastáil ó ghníomhaíochtaí comhair cosanta ar thacaigh CEF leo ar dtús agus a bhfuil céim na fréamhshamhlacha bainte amach acu, bunaithe ar cheanglais fheidhmiúla choiteanna chomhchuibhithe.

Beidh ról lárnach ag na Struchtúir do Chlár Armála na hEorpa agus leathnú loighic EDIRPA chun glacadh na dtionscadal a eascraíonn as CEF a uasmhéadú. Ina theannta sin, déanfar foráil le EDIP maidir le **deontais inaisíoctha le haghaidh gníomhaíochtaí sonracha** a bhaineann le táirgeadh agus tráchtálú fréamhshamhlacha, go háirithe na fréamhshamhlacha sin a eascraíonn as CEF.

Chun ‘an bhearna tráchtálaithe’ a dhúnadh go rathúil tar éis chéim T&F na dtionscadal comhoibríoch, ní mór do na Ballstáit lena mbaineann teacht ar chomhaontú freisin nuair a shroichtear céim na fréamhshamhla, maidir leis na coinníollacha le haghaidh onnmhairiú na dtáirgí comhfhorbartha. I bhfianaise an athbhreithnithe leanúnaigh ar Chomhsheasamh an Aontais Eorpaigh 2008/944/CBES maidir le rialú ar onnmhairiú arm, iarrann an Coimisiún in éineacht leis an Ardionadaí an athuair[27] ar na Ballstáit féachaint ar bhealaí chun a gcleachtais maidir le rialú ar onnmhairiú arm a chuíchóiriú agus a chóineasú a thuilleadh de réir a chéile, go háirithe i gcás na gcumas cosanta sin a fhorbraítear go comhpháirteach. Chun na críche céanna, ba cheart do na Ballstáit dea-chleachtas a

---

[26] Le 3 bliana anuas, seoladh breis agus 145 thionscadal a raibh 2618 rannpháirtí páirteach iontu, rud atá ina chnámh droma ag éiceachóras tionsclaíoch cosanta an Aontais, lena dtugtar aghaidh faoi láthair ar raon leathan cumas agus teicneolaíochtaí cosanta ceannródaíocha. Bíonn eagraíochtaí taighde (609 rannpháirtíocht); FBManna (826 rannpháirtíocht); eintitis mhóra (1113 rannpháirtíocht), comhlachtaí poiblí (456 rannpháirtíocht) agus institiúidí ardoideachais (230 rannpháirtíocht) páirteach sna comhair agus i dteannta a chéile, EDTIB na todhchaí atá iontu.

[27] Teachtaireacht maidir le rannchuidiú an Choimisiúin le cosaint na hEorpa, COM(2022) 60 final.

mhalartú maidir le rialacha rialaithe onnmhairí le haghaidh na gcumas a fhorbraítear go comhpháirteach.

Ina theannta sin, déanfaidh an Coimisiún bearta chun aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Aontas a éascú i dtionscadail arna gcistiú ag an Aontas agus déanfaidh sé iarracht bainistiú na gcoinníollacha agus na bpróiseas ceadúnúcháin aistrithe a shimpliú, go háirithe trí chlásail maidir le haistrithe a thabhairt isteach sa Chomhaontú Deontais Samplach lena mbaineann agus é d'aidhm aige sin teorainn a chur le dul ar iontaoibh deimhnithe úsáideoirí deiridh.

Cuireann roinnt gnéithe bac ar chur chun feidhme ceart agus éifeachtach Threoir 2009/43/CE, rud a chuireann cosc ar shaothrú iomlán na dtairbhí gaolmhara ar mhargadh na cosanta. Chun anailís níos fearr a dhéanamh ar na dúshláin atá ann faoi láthair a chuireann bac ar a cur chun feidhme éifeachtach, déanfaidh an Coimisiún **meastóireacht ar an Treoir faoi dheireadh 2025.**

## 3.3. Slándáil an tSoláthair a áirithiú ar leibhéal an Aontais

Tá athléimneacht ina réamhchoinníoll d'ullmhacht agus iomaíochas EDTIB.

Tá uirlisí agus creataí forbartha ag an Aontas cheana chun ullmhacht thionsclaíoch agus athléimneacht a mhéadú chun dul i ngleic le staideanna géarchéime sa todhchaí, lena n-áirítear laistigh de chreat EDA[28]. Mar sin féin, níl na bearta sin ar fáil nó ní chuireann na Ballstáit i bhfeidhm iad ach go pointe teoranta chun tacú le EDTIB. Dá bhrí sin, **cuirfear córas Slándála an tSoláthair ar bun ar fud an Aontais**, rud a fhágfaidh go mbeidh athléimneacht níos fearr ann agus, ar an gcaoi chéanna, go mbeidh buntáiste iomaíoch ag baint leis le haghaidh EDTIB agus shlabhraí soláthair cosanta an Aontais. Trí leibhéal slándála soláthair a sholáthar nach féidir le hiomaitheoirí seachtracha a thairiscint, d'fhéadfadh 'díbhinn iontaobhais' a bheith ag slabhraí soláthair cosanta an Aontais ó na Ballstáit.

### *3.3.1. Slándáil soláthair níos fearr chun an leas is mó is féidir a bhaint as acmhainneacht chosanta an mhargaidh inmheánaigh*

Laistigh de EDIP, molann an Coimisiún córas modúlach le haghaidh **Shlándáil an tSoláthair san Aontas** a bhunú de réir a chéile chun feabhas a chur ar dhlúthpháirtíocht agus ar éifeachtacht, mar fhreagairt ar theannas ar feadh na slabhraí soláthair nó ar ghéarchéimeanna slándála, agus ionas go mbeifear in ann scrogaill a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint in am trátha. Moltar tacair éagsúla beart chun dul i ngleic le dhá chineál géarchéime:

- Géarchéimeanna soláthair, i gcás ina bhfuil ganntanas comhpháirteanna sibhialta nó dé-úsáide nó amhábhar ann, **cuireann siad infhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta i mbaol mór**. Sa chás sin, tar éis don Chomhairle **'staid géarchéime'** a ghníomhachtú, áiritheofar le bosca uirlisí soláthar na gcomhpháirteanna agus/nó na n-amhábhar lena mbaineann le haghaidh slabhraí soláthair cosanta, lena n-áirítear, i gcás inar gá agus ina bhfuil údar cuí leis ar mhaithe le leas uileghabhálach an phobail, trí thosaíocht a áirithiú thar roinnt soláthairtí sibhialta nó thar na soláthairtí sibhialta uile **(orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo).**

[28] Mar shampla, ghlac Ballstáit an Aontais Creat-socrú maidir le Slándáil an tSoláthair in 2013. Bhí sé beartaithe an creat sin a chur chun feidhme trí chóid iompair nó trí shocrú cur chun feidhme a bhunú, agus in 2014 ghlac Bord Stiúrtha GEC Cód Iompair maidir le Tosaíochtaí.

- **Géarchéimeanna soláthair** a bhfuil baint dhíreach acu le **géarchéim slándála** a bheith ann laistigh den Aontas nó dá chomharsanacht. Chun aghaidh a thabhairt ar na cásanna sin, ba cheart an deis a thabhairt don Chomhairle **an dara leibhéal uachtarach den staid ghéarchéime a ghníomhachtú chun dul i muinín na mbeart riachtanach agus comhréireach chun an ghéarchéim a réiteach** (lena ndírítear den chuid is mó ar sholáthar táirgí a ceapadh go sonrach le haghaidh úsáid mhíleata).

Chun tacú le húsáid éifeachtach, éifeachtúil agus chomhréireach an chreata géarchéime dhá shraith sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún **táirgí ríthábhachtacha le haghaidh slabhraí soláthair cosanta áirithe a shainaithint agus faireachán a dhéanamh orthu**, ar táirgí iad atá le sainaithint in éineacht leis na Ballstáit faoi chuimsiú an Bhoird Ullmhachta Tionsclaíche um an gCosaint.

Beidh an tsainaithint agus an faireachán sin ag brath go príomha ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí agus, i gcás inar gá, ar shonraí arna soláthar ag gnóthais (faoi réir ráthaíochtaí slándála náisiúnta na mBallstát), rud a chuireann leis an gcreat atá ar fáil faoi láthair in earnálacha eile, agus ar Phríomhghníomhaíochtaí Straitéiseacha GEC.

*3.3.2. Stoc-charnadh straitéiseach a éascú agus an riosca a bhaineann leis a laghdú*

Chun an riosca a bhaineann le slándáil an tsoláthair le haghaidh EDTIB a laghdú a thuilleadh, mar chuspóir fadtéarmach, déanfaidh an Coimisiún a mhachnamh ar **stoc-charnadh straitéiseach de réir tionscail ar bhun-chomhpháirteanna,** amhail comhpháirteanna leictreonacha agus amhábhair a úsáidtear go trasnach i gcórais chosanta, a chistiú[29]. Trí stoic den sórt sin a chruthú, d’fhéadfaí costais a laghdú, i gcás ina gcuirfí orduithe móra isteach, agus cheadófaí an boilsciú praghsanna a bheadh mar thoradh ar an mborradh ar an éileamh le linn géarchéime a shrianadh.

Mar chuid de EDIP, molann an Coimisiún **réamhthástáil phíolótach ar mhionscála**, trí thacaíocht a thabhairt chun stoc-charnadh straitéiseach a chruthú. Beidh córas den sórt sin ina chomhlánú ar an sásra um ord tosaíochta i gcás géarchéime, rud a áiritheoidh go mbeidh an sásra sin mar rogha dheireanach i gcónaí. D’fhéadfaí obair leanúnach ar bhearta athléimneachta agus ullmhachta mar chuid den Phlean Gníomhaíochta maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata 2.0, lena n-áirítear trí thionscadail PESCO atá ann cheana maidir le soghluaisteacht mhíleata agus líonra de mhoil lóistíochta, a mheas i ndáil leis sin.

*3.3.3. Na spleáchais is straitéisí a shainaithint roimh ré agus aghaidh a thabhairt orthu*

Cuireann róspleáchas ar theicneolaíochtaí atá ríthábhachtach d’earnáil na cosanta bac ar shaoirse gníomhaíochta Fhórsaí Armtha na mBallstát agus d’fhéadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar iomaíochas EDTIB, mar gheall ar shrianta gaolmhara.

Tá **Faireachlann an Aontais um Theicneolaíochtaí Criticiúla**[30] bunaithe ag an gCoimisiún cheana féin chun spleáchais a shainaithint agus treochláir teicneolaíochta a fhorbairt chun iad a mhaolú. Táthar díreach tar éis an chéad tuarascáil rúnaicmithe a sheachadadh chuig na Ballstáit. Tríd an bhFaireachlann a mhéadú, beifear in ann spleáchais a shainaithint níos tapúla, faireachán a dhéanamh ar shlabhraí soláthair agus forléargas a

[29] I ndáil leis an méid sin, breithneoidh an Coimisiún an bhféadfaí brath ar uirlisí a forbraíodh faoin nGníomh um Amhábhair Chriticiúla [COM(2023) 160].

[30] *Roadmap on critical technologies for security and defence* [Treochlár maidir le teicneolaíochtaí criticiúla don tslándáil agus don chosaint], Strasbourg, 15.2.2022 COM(2022) 61 final.

chruthú ar na criticiúlachtaí. Go dtí seo, cuireadh tús leis an obair le fothacar de chomhpháirteanna Leictreacha, Leictreonacha agus Leictrimheicniúla (EEE) atá bunaithe ar leathsheoltóirí agus teicneolaíochtaí le haghaidh córais uathrialacha.

I gcomhthreo leis sin, féachfar le crostoirchiú a dhéanamh idir cláir oibre ionstraimí eile de chuid an Aontais, amhail CEF agus an Tionscnamh 'Sliseanna don Eoraip', chun spleáchais a shainaithnítear a mhaolú agus chun a áirithiú go mbeidh teicneolaíocht agus táirgí cumasúcháin tionsclaíocha cosanta amhail sliseanna iontaofa ar fáil do EDTIB, rud a thacóidh lena ullmhacht.

Tacaíonn an Coimisiún freisin leis na Ballstáit, go háirithe lena n-údaráis réigiúnacha agus áitiúla, tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil[31], lena gcuirtear tacaíocht theicniúil shaincheaptha ar fáil chun athchóirithe a cheapadh agus a chur chun feidhme chun slándáil eacnamaíoch agus teicneolaíochta, iomaíochas agus athléimneacht slabhraí soláthair sna Ballstáit a chur chun cinn.

***An Bealach chun cinn:***

Chun infhaighteacht a áirithiú bunaithe ar EDTIB níos freagrúla thar na tréimhsí ama uile, maidir leis an gCoimisiún:

- molann sé **loighic idirghabhála ASAP a leathnú, laistigh de EDIP,** thar armlón agus diúracáin, agus í a chomhlánú le forbairt **saoráidí 'i gcónaí réidh le dul'** agus le h**athrú cuspóra féideartha ar línte táirgthe sibhialtacha.**
- déanfaidh sé, in éineacht leis an Ardionadaí agus leis na Ballstáit, togra beartais a cheapadh chun **tacú le ladrainn a tháirgeadh** laistigh den Aontas nó, b'fhéidir, i gcomhpháirt leis an Úcráin trí ionstraimí ábhartha a shlógadh.
- molann sé, laistigh de EDIP, **Ciste chun Dlús a Chur le Claochlú Shlabhraí Soláthair na Cosanta (FAST)** a chruthú. Tacóidh an ionstraim airgeadais nua seo le FBManna trí mhaoiniú fiachais agus/nó cothromais.
- cuirfidh sé **tacaíocht leanúnach ar fáil i dtreo tionsclú** gníomhaíochtaí comhair cosanta ar thacaigh CEF leo ar dtús, trí dheontais inaisíoctha faoi chuimsiú EDIP.
- molann sé córas modúlach le haghaidh **Shlándáil an tSoláthair san Aontas** a bhunú de réir a chéile chun feabhas a chur ar dhlúthpháirtíocht agus ar éifeachtacht, mar fhreagairt ar theannas ar feadh na slabhraí soláthair nó ar ghéarchéimeanna slándála, agus ionas go mbeifear in ann scrogaill a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint in am trátha.

Déanfaidh an tAontas an méid seo a leanas:

- **Oifig Nuálaíochta a oscailt i gCív** chun comhoiriúnú idir gnólachtaí nuathionscanta agus nuálaithe an Aontais agus tionscal agus fórsaí armtha na hÚcráine a chinntiú.

## 4. UAILLMHIAN AN AONTAIS MAIDIR LE HULLMHACHT THIONSCLAÍOCH UM AN GCOSAINT A MHAOINIÚ

Ionas go n-éireoidh leis an straitéis sin agus é d'aidhm aici uaillmhian nua maidir le hullmhacht thionsclaíoch um an gcosaint a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais, ba

[31] https://commission.europa.eu/funding-tenders/find-funding/eu-funding-programmes/technical-support-instrument/technical-support-instrument-tsi_ga

cheart méadú misniúil ar chistiú a bheith ag gabháil léi, i gcomhréir leis an dúshlán atá romhainn.

Áirítear sa togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear EDIP in éineacht leis an straitéis sin **buiséad EUR 1.5 billiún** le haghaidh infheistíocht in ullmhacht thionsclaíoch EDTIB um an gcosaint.

Ba cheart é sin a chomhlánú le méideanna breise chun DTIB na hÚcráine a fhorbairt agus chun é a chomhtháthú níos dlúithe le EDTIB agus le margadh an Aontais um threalamh cosanta. Ina theannta sin, mar gheall ar riachtanais chosanta láithreacha na hÚcráine, tá gá le maoiniú breise chun ábhar míleata a sholáthar chun tacú lena ceart féinchosanta a fheidhmiú. Dá nglacfaí an Chomhairle cinneadh CBES faoi Airteagal 29 den Chonradh ar an Aontas Eorpaigh (CAE) ar thogra ón Ardionadaí iarmhéideanna airgid urghnácha ó thaisclanna lárnacha urrús a aistriú chuig an Aontas, ar iarmhéideanna iad a d'eascair as na hioncaim urghnácha gan choinne ó shócmhainní ceannasacha reoite na Rúise, d'fhéadfaí tacaíocht bhreise den sórt sin a bhaint as na hioncaim sin, i gcomhréir le cuspóirí Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais. I gcás ina mbeadh na hacmhainní breise sin ar fáil, d'fhéadfaidís acmhainneacht airgeadais na Saoráide Eorpaí Síochána a mhéadú chun trealamh míleata a sholáthar chun tacú leis an Úcráin, nó aon ionstraim eile de chuid an Aontais. **Is é sin le rá, is éard a bheadh i gceist leis sin brabúis amhantair shócmhainní reoite na Rúise a úsáid chun trealamh míleata a cheannach go comhpháirteach don Úcráin.**

De réir mar a cheadaítear le riachtanais chosanta láithreacha na hÚcráine agus i gcás ina gceadaítear leo, d'fhéadfaí méideanna áirithe a tharraingt freisin ó iarmhéideanna airgid urghnácha den sórt sin chun DTIB na hÚcráine a fhorbairt sa mheántéarma agus san fhadtéarma, rud a thairbheoidh de na forálacha a leagtar amach sa togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear EDIP, agus le haghaidh riachtanais bhuiséadacha ghinearálta na hÚcráine maidir le téarnamh agus atógáil.

I bhfianaise scála na hiarrachta is gá chun ullmhacht thionsclaíoch um an gcosaint a áirithiú ar fud an Aontais, ní mór an buiséad sin a mheas mar dhroichead – atá teoranta ó thaobh scála de – i dtreo an chéad Chreata Airgeadais Ilbhliantúil eile. Ós rud é gur dócha go leanfaidh na dúshláin slándála atá os comhair na hEorpa de bheith ann, tá sé tábhachtach go n-áireofar **sa chéad CAI eile imchlúdach airgeadais uaillmhianach maidir le cosaint** le buiséid ábhartha le haghaidh comharbaí CEF agus EDIP araon le haghaidh na tréimhse ó 2028 ar aghaidh.

Leis an Straitéis sin, iarrtar uaillmhian athnuaite sa CAI atá ann faoi láthair trí EDIP, agus buiséad neartaithe chun tacú le tionscail chosanta don chéad CAI eile. Mar sin féin, i bhfianaise an athraithe ar an bparaidím slándála mar thoradh ar an méadú mór atá tagtha ar bhagairtí réigiúnacha agus domhanda, arb ionann iad agus dúshláin slándála a d'fhéadfadh a bheith ann don Aontas agus dá Bhallstáit, agus ós rud é nach gcuirfear tús leis an gcéad CAI eile go dtí 2028, is gá plé a sheoladh maidir le riachtanais mhaoinithe an Aontais le haghaidh ullmhacht thionsclaíoch um an gcosaint a chainníochtú, ar plé é a bheadh i gcomhréir leis an athrú sin ar an bparaidím slándála, agus maidir leis an gcaoi chun maoiniú leordhóthanach den sórt sin a áirithiú. Chuige sin, ní mór iniúchadh comhpháirteach a dhéanamh leis na Ballstáit, laistigh de thréimhse ghearr ama, chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais agus ar roghanna chun borradh a chur faoi na hionstraimí atá ar fáil, amhail EDIP agus SSE atreisithe ó thaobh airgeadais de, soláthairtí comhpháirteacha cosanta ar mhórscála don Úcráin agus do na Ballstáit, borradh tionsclaíoch ollmhór agus níos tapúla a chur le bonn tionsclaíoch cosanta an Aontais agus

tionscadail shuaitheanta chosanta a sheoladh chun rochtain gan bhac ar na réimsí faoi chonspóid san Aontas a chosaint.

## 5. CULTÚR ULLMHACHTA COSANTA A PHRÍOMHSHRUTHÚ, LENA N-ÁIRÍTEAR É SIN A DHÉANAMH I MBEARTAIS UILE AN AONTAIS

**Cuireann tionscal cosanta na hEorpa go mór leis an athléimneacht, leis an tslándáil agus leis an inbhuanaitheacht shóisialta.** Ní bheidh aon rathúnas eacnamaíoch gan síocháin ar an mór-roinn, agus ní mór ról EDTIB ina leith sin a shainaithint go hiomlán i dtimpeallacht rialála agus i mbeartais rialála an Aontais. Is éiceachóras criticiúil aonair aeraspáis agus cosanta é EDTIB freisin, a gcuireann a phríomhghníomhaithe le teicneolaíochtaí atá i gcroílár an aistrithe ghlais freisin.

Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, a áirithiú go mbeidh leibhéal rochtana ag EDTIB ar mhaoiniú atá i gcomhréir leis an leibhéal infheistíochtaí is gá, go n-oibreoidh sé sa timpeallacht rialála leordhóthanach agus go mbeidh sé tarraingteach go leor do na glúine óga agus do na daoine is tréithí.

### 5.1. Rochtain ar mhaoiniú a éascú

Tá sé ríthábhachtach rochtain leordhóthanach ar mhaoiniú a áirithiú agus infheistíocht phoiblí a ghiaráil d'earnáil cosanta an Aontais i bhfianaise an ghá mhóir atá ann borradh a chur faoin infheistíocht san éiceachóras sin. Dá bhrí sin, tá sé fíor-riachtanach go mbeadh an earnáil airgeadais rannphháirteach. Chun é sin a bhaint amach, oibreoidh an Coimisiún agus an tArdionadaí/Ceann na Gníomhaireachta, i gcás inarb ábhartha, leis na Ballstáit, leis an tionscal agus leis an earnáil airgeadais chun feabhas a chur ar rochtain EDTIB ar airgeadas príobháideach agus poiblí araon.

#### *5.1.1. Rochtain ar mhaoiniú príobháideach*

Tá bacainní leanúnacha roimh EDTIB maidir le rochtain a fháil ar mhaoiniú, go háirithe maoiniú príobháideach. De réir staidéar a rinne an Coimisiún le déanaí[32], tá bacainní níos airde roimh FBManna atá ag feidhmiú laistigh d'earnáil na cosanta maidir le rochtain a fháil ar mhaoiniú i gcomparáid le cuideachtaí atá gníomhach in earnálacha eile. Le linn 2021-2022, staon dhá thrian de na cuideachtaí a ndeachthas i gcomhairle leo ó mhaoiniú cothromais a lorg agus staon beagnach 50 % díobh ó mhaoiniú fiachais a lorg, rud atá ina chodarsnacht mhór leis an meán 6.6 % i measc FBManna san Aontas le linn na tréimhse céanna.

D'fhonn rochtain na hearnála ar mhaoiniú a threisiú, déanfaidh an Coimisiún agus GEC, in éineacht leis na Ballstáit, teagmháil a dhéanamh le bainc agus le hinfheisteoirí le haghaidh **idirphlé ardleibhéil** chun a rannphháirtíocht threisithe a phlé, chun deacrachtaí a shainaithint agus chun bealaí a aimsiú chun rannphháirtíocht na hearnála príobháidí a spreagadh chun tacú le hinfheistíochtaí cosanta.

Is cosúil go ndéanann sainiúlachtaí mhargadh na cosanta (lena n-áirítear castacht an tsoláthair nó na deacrachtaí atá acu measúnú a dhéanamh ar impleachtaí beachta na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta atá ann cheana maidir le hairm) nó toimhdí maidir le tosca

[32] 'Rochtain ar mhaoiniú cothromais le haghaidh FBManna cosanta na hEorpa' https://defence-industry-space.ec.europa.eu/study-results-access-equity-financing-european-defence-smes-2024-01-11_en

Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais difear do thoilteanas gníomhaithe airgeadais dul i dteagmháil leis an tionscal cosanta.

Faoi chreat airgeadais inbhuanaithe an Aontais, **ní chuireann aon riail de chuid an Aontais, ná aon riail atá beartaithe ag an Aontas, bac ar infheistíocht phríobháideach sa tionscal cosanta**. Cuirfidh seirbhísí an Choimisiúin, in éineacht le ESMA de réir mar is iomchuí, treoir ar fáil maidir le cur i bhfeidhm chreat airgeadais inbhuanaithe an Aontais i réimse na cosanta. I ndlúthchomhar le GEC, cuirfidh an Coimisiún feabhas ar an idirphlé idir na hearnálacha cosanta agus airgeadais agus cuideoidh sé le tacú leis an tionscal chun trédhearcacht a mhéadú. Oibreoidh an Coimisiún freisin chun aitheantas níos fearr a thabhairt do cheannasacht, athléimneacht agus slándáil an Aontais, go háirithe laistigh de chreat airgeadais inbhuanaithe an Aontais. Is sampla amháin é an Líonra Saineolaithe Rialtais maidir le ESG, arna bhainistiú ag GEC, d'ardán ina bhféadfaí an tuiscint fhrithpháirteach agus an mhuinín sin a fhorbairt a thuilleadh. Go háirithe, ba cheart don fhóram sin an comhéadan idir Aireachtaí Cosanta na mBallstát agus an earnáil airgeadais a neartú.

D'fhágfadh sé sin go bhféadfaí gníomhaíochtaí nithiúla a dhéanamh chun na dúshláin atá ag tionscal na cosanta faoi láthair maidir le rochtain ar mhaoiniú a mhaolú, ós rud é gur sainaithníodh go bhfuil sineirgí idir gníomhaithe institiúideacha agus gníomhaithe príobháideacha ar mhargaí caipitil ríthábhachtach i ndáil leis sin.

***Bosca 5: An tionscal cosanta agus creat airgeadais inbhuanaithe an Aontais***

Cuireann tionscal cosanta an Aontais go mór le hathléimneacht agus slándáil an Aontais agus, dá bhrí sin, leis an tsíocháin agus leis an inbhuanaitheacht shóisialta. Sa chomhthéacs sin, tá **creat airgeadais inbhuanaithe** an Aontais go hiomlán comhsheasmhach le hiarrachtaí an Aontais rochtain leordhóthanach thionscal cosanta na hEorpa ar mhaoiniú agus ar infheistíocht a éascú. **<u>Ní chuireann</u> sé aon teorainn le maoiniú na hearnála cosanta.**

Rialacha an Aontais maidir le nochtuithe inbhuanaitheachta agus sainroghanna, tá feidhm acu go cothrománach ar fud na dtionscal uile agus ní dhíríonn siad ar aon earnáil ar leith. Níor eisigh an Coimisiún aon chineál 'Tacsanomaíocht shóisialta' go dtí seo agus níl aon phlean ann é sin a dhéanamh. Cé is moite d'airm atá faoi réir toirmeasc ag coinbhinsiúin idirnáisiúnta arna síniú ag na Ballstáit – a mheasann an tAontas, dá bhrí sin, nach bhfuil ag luí leis an inbhuanaitheacht shóisialta – **feabhsaíonn an tionscal cosanta an inbhuanaitheacht**, i bhfianaise a rannchuidithe leis an athléimneacht, leis an tslándáil agus leis an tsíocháin.

Ar an gcaoi chéanna, ós rud é nár áiríodh gníomhaíochtaí tionsclaíocha cosanta sonracha go dtí seo i dTacsanomaíocht Chomhshaoil an Aontais, **ní dhéantar réamhbhreith ar fheidhmíocht chomhshaoil na dtionscal cosanta agus, dá bhrí sin, níor cheart go ndéanfadh sé sin difear dá rochtain ar mhaoiniú.**

*5.1.2. Tairbhe iomlán a bhaint as ionstraimí airgeadais cothrománacha an Aontais atá ann cheana*

Is féidir le EDTIB cheana féin, i bprionsabal, tairbhiú d'ionstraimí airgeadais de chuid an Aontais atá ann cheana, arna gcur chun feidhme trí InvestEU. Mar sin féin, beartais iasachtaithe na ngníomhaithe airgeadais Eorpacha atá ann faoi láthair lena gcuirtear InvestEU chun feidhme, lena n-áirítear Grúpa BEI agus Bainc agus Institiúidí Náisiúnta le haghaidh Spreagadh, agus beartais iasachtaithe na nInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais, is

**constaic mhór iad maidir le húsáid na n-ionstraimí airgeadais sin**, sa bhreis ar an maoiniú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar theicneolaíochtaí dé-úsáide, chun tacú leis an earnáil.

Léirítear é sin leis an neamhábaltacht 'Ciste Borrtha' ASAP a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, **is gá a mbeartais iasachtaithe a mhodhnú, go háirithe beartais Ghrúpa BEI, agus is príomhthosaíocht é sin** chun a áirithiú go mbeidh **rochtain ag earnáil na cosanta ar ionstraimí airgeadais an Aontais agus gur féidir léi tairbhe iomlán a bhaint astu**. Beidh éifeachtaí cascáideacha dearfacha ag modhnú den sórt sin freisin, trí chomhartha dearfach suntasach a thabhairt don mhargadh airgeadais agus do bhainc phríobháideacha.

Ina theannta sin, ní mór don Aontas an leas is mó is féidir a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil le sineirgí agus comhlántachtaí idir ionstraimí maoinithe agus deontais. Ba cheart don CAI a bheidh ann amach anseo, i ndáil leis sin, féachaint le sineirgí idir ionstraimí an Aontais a bharrfheabhsú a thuilleadh, mar a luaitear sa Pháipéar Bán ón gCoimisiún maidir le roghanna chun borradh a chur faoin infheistíocht i dtaighde agus forbairt teicneolaíochtaí a bhfuil acmhainneacht dé-úsáide acu[33]. Ós rud é go bhfuil an comhairliúchán poiblí maidir leis an bPáipéar Bán ar siúl faoi láthair, tá ábhar na straitéise sin gan dochar do ghníomhaíochtaí an Choimisiúin sa réimse seo amach anseo. Faoin leagan amach atá ann faoi láthair, is féidir leis an gcosaint leas a bhaint as timthriallta nuálaíochta sibhialta níos tapúla i gcás inarb infheidhme, agus *vice-versa*, ó tharla go bhfuil acmhainneacht dé-úsáide ag roinnt teicneolaíochtaí a úsáidtear in ardáin chosanta.

Iarrann **an Coimisiún agus an tArdionadaí/Ceann na Gníomhaireachta ar chomhlachtaí rialaithe Ghrúpa BEI** agus go háirithe ar Bhord BEI **eisiaimh a bhaineann le cosaint ó Bheartais Iasachtaithe Ghrúpa BEI a oiriúnú**, i gcomhréir le tosaíochtaí beartais an Aontais agus leis an dlí is infheidhme. Chuirfeadh sé sin ar a chumas do BEI tacú le trealamh míleata a tháirgeadh agus, ar bhonn níos ginearálta, le tionscal cosanta na hEorpa, mar a d'iarr Parlaimint na hEorpa le déanaí freisin[34]. Le comhaontú maidir le sainmhíniú coiteann ar 'teicneolaíochtaí a bhfuil acmhainneacht dé-úsáide acu' idir an Coimisiún agus Grúpa BEI, rud a chuireann leis an Tionscnamh Straitéiseach um Shlándáil na hEorpa agus leis an tSaoráid Chothromais Cosanta, d'fhéadfaí rannchuidiú le hinfheistíochtaí comhpháirteacha a chur chun cinn sna teicneolaíochtaí, sna táirgí agus sa bhonneagar a bhfuil acmhainneacht dé-úsáide acu.

Mar sin féin, **níor leor céim den sórt sin**, cé gur díol sásaimh é. Rannchuideoidh BEI, trína shainordú a eascraíonn as Airteagal 309 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, le forbairt chothromúil rianúil an mhargaidh inmheánaigh chun leas an Aontais. Is dlúthchuid den mhargadh inmheánach é an tionscal cosanta. Chun riachtanais mhaoinithe na hearnála a chomhlíonadh agus chun gur féidir leas iomlán a bhaint as cláir chistiúcháin an Aontais, lena n-áirítear InvestEU, chun tacú le hullmhacht cosanta, **ba cheart do BEI gach beart is gá a dhéanamh[35] chun athbhreithniú a dhéanamh ar a**

[33] An Coimisiún Eorpach, Páipéar Bán maidir le roghanna chun tacaíocht a fheabhsú don taighde agus forbairt a bhaineann le teicneolaíochtaí a bhfuil acmhainneacht dé-úsáide acu, an Bhruiséil, 24.1.2024 COM(2024) 27 final.

[34] Féach Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Feabhra 2024 maidir le gníomhaíochtaí airgeadais an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta - tuarascáil bhliantúil 2023 (2023/2229(INI)). Sa tuarascáil go háirithe 'iarrtar ar BEI feabhas a chur ar an tacaíocht a thugann sé don Tionscnamh Straitéiseach um Shlándáil na hEorpa agus do thionscal cosanta na hEorpa, lena n-áirítear FBManna, go háirithe rannchuidiú le tacaíocht leanúnach don Úcráin; iarrtar ar BEI a liosta incháilitheachta a athchóiriú ionas nach ndéanfar armlón agus trealamh míleata a théann níos faide ná an cur i bhfeidhm dé-úsáide a eisiamh a thuilleadh ó mhaoiniú BEI'.

[35] E.g. aon réamhbheart is gá, amhail anailísí margaidh.

**bheartas iasachtaithe i mbliana agus chun é a oiriúnú i gcomhréir leis na tosaíochtaí beartais agus na riachtanais oibiachtúla atá ann faoi láthair.** Iarrtar ar ghníomhaithe airgeadais poiblí na mBallstát déanamh amhlaidh.

### *5.1.3. Comhtháthú iomlán na cosanta agus na slándála mar chuspóir straitéiseach de chistiú agus de chláir ábhartha an Aontais*

Ba cheart do **EDTIB tairbhe iomlán a bhaint as cistiú ón Aontas** arna cheapadh le haghaidh forbairt theicneolaíoch agus thionsclaíoch, lena n-áirítear faoi **Chistí an Bheartais Comhtháthaithe**, go háirithe CFRE[36], CSE+[37] (e.g. maidir le scileanna), an Ciste Comhtháthaithe (e.g. le haghaidh iompair) agus **InvestEU**, ar choinníoll go bhfuil sé sin i gcomhréir leis na cuspóirí cláir agus beartais faoi seach. Cé go bhfuil an tionscal cosanta incháilithe cheana féin faoi na hionstraimí sin, ba cheart do na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar na cistí sin de chuid an Aontais atá faoi bhainistíocht chomhroinnte a stiúradh i dtreo na hearnála, i gcás ina dtacaíonn sé sin leis an bhforbairt réigiúnach agus leis an iomaíochas, chun an ról tábhachtach atá aige mar thosaíocht de chuid an Aontais agus mar rannchuiditheoir ríthábhachtach le cobhsaíocht agus slándáil an Aontais a léiriú.

I ndáil leis sin, breithneoidh an Coimisiún **ullmhacht, slándáil agus athléimneacht i réimse na cosanta** a chur san áireamh nó a choinneáil ar bun **mar chuspóir straitéiseach sainráite faoi chláir ábhartha de chuid an Aontais a bheidh ann amach anseo** chun a áirithiú go dtacóidh siad go hiomlán le EDTIB, agus nach mbeidh aon bhac ar na comhpháirtithe cur chun feidhme ná ar na hidirghabhálaithe (i gcás bainistiú indíreach) na cuspóirí sin a shaothrú.

## 5.2. A áirithiú go n-oibríonn EDTIB i dtimpeallacht rialála leordhóthanach

Ba cheart do EDTIB a bheith in ann oibriú i dtimpeallacht rialála leordhóthanach. Chun é sin a dhéanamh, ní mór **cúrsaí cosanta a phríomhshruthú i mbeartais an Aontais.** Ba cheart na tionchair dhiúltacha a d’fhéadfadh a bheith ag tionscnaimh an Aontais ar EDTIB a shainaithint agus a mhaolú a luaithe is féidir. Dá bhrí sin, **áireoidh an Coimisiún ina thionscnaimh ceisteanna maidir le hullmhacht thionsclaíoch um an gcosaint**, ar bhonn níos córasaí agus i gcás inarb ábhartha. Thairis sin, leanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis an Ardionadaí/Ceann na Gníomhaireachta, d’idirchaidreamh a dhéanamh leis na Ballstáit agus le EDTIB maidir leis na saincheisteanna sin, trí chur leis na tionscnaimh atá ann cheana arna n-éascú ag GEC i réimsí amhail Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH)[38] agus tionscnamh an Aerspáis Eorpaigh Aonair (SES).

Mar gheall ar an staid slándála atá ag teacht chun cinn, ní mór don Choimisiún machnamh a dhéanamh ar agaí tionscanta riaracháin a laghdú, agus an méid bainistíochta fónta airgeadais is gá á áirithiú san am céanna. Le hathbhreithniú 2024 ar an Rialachán Airgeadais, beidh an tAontas in ann na bearta is gá a dhéanamh faoi dhálaí éigeandála chun tacú le hullmhacht thionsclaíoch um an gcosaint.

36 Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

37 Ciste Sóisialta na hEorpa Plus

38 Lena n-áirítear comhar leanúnach leis an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán.

### 5.3. Tarraingteacht na hearnála cosanta a fheabhsú do na glúine óga agus do na daoine is tréithí

Tá sé ríthábhachtach infheistíocht a dhéanamh i ndaoine agus ina gcuid scileanna chun bheith ar an eolas faoi theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus chun tallann a mhealladh agus a choinneáil san earnáil. Tá an tAontas ag tacú leis na Ballstáit agus ag éascú comhpháirtíochtaí chun oibriú le chéile maidir leis na riachtanais scileanna atá ag an earnáil faoi láthair agus a bheidh aici amach anseo a thuiscint (e.g. tríd an gComhshocrú Eorpach um Scileanna).

Na ganntanais saothair agus scileanna atá ann faoi láthair i dtionscal na cosanta, tá baint acu leis an tearcinfheistíocht a rinneadh roimhe seo i gcláir chosanta nua agus le heaspa tarraingteachta na hearnála, chomh maith le soghluaisteacht theoranta an lucht saothair agus aosú na hearnála. Cé go bhfuil sé ríthábhachtach tuiscintí diúltacha ar thionscal na cosanta a thuiscint agus a mhaolú chun feabhas a chur ar tharraingteacht na hearnála, agus chun lucht saothair éagsúil a bhaint amach freisin, is gá do na geallsealbhóirí uile gníomhaíochtaí breise a dhéanamh chun go mbeidh siad in ann leas iomlán a bhaint as acmhainneacht acmhainní daonna an Aontais, lena n-áirítear steiréitíopaí inscnebhunaithe a shárú. Chuige sin, maidir le Plean Gníomhaíochta an Choimisiúin atá le teacht gan mhoill chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna san Aontas, beidh sé d’aidhm aige deireadh a chur leis na scrogaill ar fhás inbhuanaithe ar rannchuidigh na ganntanais sin lena gcruthú i roinnt earnálacha, rud a chumasóidh iomaíochas fadtéarmach an Aontais amach anseo agus poist ardcháilíochta agus lucht saothair a bhfuil na scileanna cearta acu a chaomhnú san am céanna.

Chomh maith leis an gcosaint a phríomhshruthú, féachfaidh an Coimisiún agus an tArdionadaí/Ceann na Gníomhaireachta ar **ghníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh soghluaisteacht an lucht saothair a fheabhsú agus tacú le hoideachas a bhaineann leis an gcosaint**, go háirithe trí na deiseanna a chuirtear ar fáil le cláir thionsclaíocha cosanta an Aontais, agus comhar idir soláthraithe oideachais, lena n-áirítear an Coláiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint.

### 5.4. Cuidiú le EDTIB le cur leis an aistriú glas

Chun rannchuidiú leis an aistriú glas agus chun a athléimneacht agus a chostéifeachtúlacht a neartú, ní mór do EDTIB leanúint dá iarrachtaí a tháirgeadh agus a tháirgí a dhéanamh níos inbhuanaithe, astaíochtaí carbóin a laghdú agus ciorclaíocht a mhéadú i gcomhréir le beartais agus uaillmhianta an Aontais. Aithnítear sa Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le Dearcadh Nua ar an Nasc idir an Aeráid agus an tSlándáil a thábhachtaí atá an tionscal cosanta d’iarrachtaí Fhórsaí Armtha na mBallstát maidir le hoiriúnú don athrú aeráide agus maolú ar an athrú aeráide. Tá deiseanna breise ann chun sineirgí agus réimsí féideartha comhair idir na Ballstáit, an tionscal agus seirbhísí an Aontais a fhiosrú, lena n-áirítear maidir le nuálaíocht, anailísíocht agus caighdeánú le haghaidh foinsí nua in-athnuaite fuinnimh a úsáideann an t-arm agus an earnáil tráchtála i gcoitinne. Trí infheictheacht agus aitheantas iomchuí na n-iarrachtaí arna ndéanamh ag earnáil na cosanta i dtreo na hinbhuanaitheachta comhshaoil a áirithiú, d’fhéadfaí cur le glacadh foriomlán na hearnála sa tsochaí.

Leanfaidh an Coimisiún agus an tArdionadaí/Ceann na Gníomhaireachta **de thacú le hiarrachtaí EDTIB i dtreo aistriú glas**, e.g. trí na gníomhaíochtaí a mholtar sa Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir leis an Nasc idir an Aeráid agus an tSlándáil, lena n-áirítear Soláthar Glas.

***An Bealach chun cinn:***
Chun cultúr ullmhachta cosanta Eorpach a phríomhshruthú, déanfaidh an Coimisiún, agus é ag obair leis an Ardionadaí/Ceann na Gníomhaireachta, an méid seo a leanas:

- a iarraidh ar **chomhlachtaí rialaithe Ghrúpa BEI athbhreithniú a dhéanamh i mbliana ar Bheartais Iasachtaithe Ghrúpa BEI**, agus na h**eisiaimh a bhaineann leis an gcosaint** atá ann faoi láthair a oiriúnú, i gcomhréir le tosaíochtaí beartais an Aontais agus leis an dlí is infheidhme.
- **an t-idirphlé idir na hearnálacha cosanta agus airgeadais a fheabhsú**, agus treoraíocht a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm chreat airgeadais inbhuanaithe an Aontais.

Ina theannta sin, maidir leis an gCoimisiún:

- déanfaidh sé **tacaíocht mhéadaithe don tslándáil, don athléimneacht agus don ullmhacht cosanta a spreagadh trí chláir chistiúcháin an Aontais**. Déanfar an cuspóir sin a mheas freisin agus cláir de chuid an Aontais á n-ullmhú amach anseo.

## 6. ULLMHACHT AGUS ATHLÉIMNEACHT A BHAINT AMACH TRÍ CHOMHPHÁIRTÍOCHTAÍ

Ba cheart uaillmhian an Aontais chun ullmhacht cosanta a bhaint amach go pras a ghiaráil freisin trí chomhpháirtíochtaí, lena n-áirítear go háirithe leis an Úcráin, agus trí chomhar feabhsaithe le ECAT, le comhpháirtithe straitéiseacha agus le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis, comhpháirtithe Eorpacha, trasatlantacha agus níos faide i gcéin, agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile

### 6.1. Naisc níos dlúithe leis an Úcráin a fhorbairt

Is comhpháirtí ríthábhachtach de chuid an Aontais í an Úcráin, agus éireoidh sí níos tábhachtaí, in earnáil thionsclaíoch na cosanta. I bhfianaise cogadh foghach ard-déine, bhí ar DTIB na hÚcráine aistriú chuig samhail geilleagair cogaidh. Tiocfaidh sé chun cinn mar cheann d’innill théarnamh eacnamaíoch na tíre ag deireadh an chogaidh agus mar ionad tástála ar ullmhacht thionsclaíoch um an gcosaint. Beidh comhar níos dlúithe idir an tAontas agus earnálacha tionsclaíocha cosanta na hÚcráine mar chuid de ghealltanais slándála an Aontais don Úcráin amach anseo. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh DTIB na hÚcráine agus EDTIB tairbhiú go frithpháirteach de chomhar feabhsaithe.

Déanfaidh an Coimisiún agus an tArdionadaí/Ceann na Gníomhaireachta na bearta seo a leanas a thabhairt chun cinn.

**Rannpháirtíocht i gclár an Aontais chun tacú leis an tionscal cosanta:**

- Chun na naisc idir EDTIB agus DTIB na hÚcráine a neartú, cuirfidh EDIP an deis ar fáil don Úcráin páirt a ghlacadh i soláthar comhpháirteach agus do chuideachtaí cosanta na hÚcráine tacaíocht a fháil ina mborradh tionsclaíoch agus ina gcomhar le EDTIB.

**Comhar a spreagadh idir DTIB na hÚcráine agus EDTIB:**

- Bainfidh GEC leas iomlán as an Socrú Riaracháin atá aige cheana leis an Úcráin, agus in éineacht leis na Ballstáit fiosróidh sé athbhreithniú a d’fhéadfaí a dhéanamh ar a raon feidhme a luaithe is féidir.
- Cothóidh seirbhísí an Choimisiúin, GEC agus SEGS malartú tiomnaithe faisnéise maidir le caighdeáin agus maidir leis na ceachtanna a foghlaimíodh faoi seach.

- I gcomhthéacs an Chiste Cúnaimh don Úcráin atá beartaithe laistigh den tSaoráid Eorpach Síochána, féachfaidh SEGS ar roghanna chun comhar idir tionscail chosanta an Aontais agus na hÚcráine a dhreasú a thuilleadh.
- Reáchtálfaidh an tAontas Fóram an Tionscail Cosanta idir an tAontas agus an Úcráin in 2024 chun an comhar idir tionscail chosanta na hÚcráine agus tionscail chosanta an Aontais a neartú.

**Tuilleadh tacaíochta don Úcráin trí EDTIB:**

- Tríd an trealamh míleata a sholáthraítear faoi chuimsiú an Chiste Cúnaimh don Úcráin atá beartaithe laistigh den tSaoráid Eorpach Síochána a sholáthar go comhpháirteach ó EDTIB, bainfidh tionscal cosanta an Aontais tairbhe as tuilleadh intuarthachta maidir le riachtanais tosaíochta na hÚcráine
- Faoi réir cinneadh ón gComhairle, d'fhéadfaí tuilleadh tacaíochta a thabhairt do sholáthar trealaimh mhíleata don Úcráin tríd an tSaoráid Eorpach Síochána, agus leas á bhaint as iarmhéideanna airgid urghnácha na dtaisclann lárnach urrús a eascraíonn as an ioncaim urghnácha gan choinne ó shócmhainní ceannasacha blocáilte na Rúise.
- Leanfaidh SEGS, GEC agus seirbhísí an Choimisiúin de Ghrúpa Teagmhála um Chosaint na hÚcráine a thabhairt cothrom le dáta go rialta agus de chumas EDTIB a chur chun cinn chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do riachtanais na hÚcráine, lena n-áirítear i gcomhthéacs na gcomhghuaillíochtaí cumais.

## 6.2. ECAT

I gcomhréir leis na trí Dhearbhú Chomhpháirteacha maidir leis an gcomhar idir an tAontas agus ECAT[39], d'fhéadfadh cainteanna feabhsaithe foireann-go-foireann, lena n-áirítear an fhéidearthacht idirphlé struchtúrtha tiomnaithe le ECAT a bheith ann, gníomhaíochtaí agus ábhair leasa choitinn a bhaineann le tionscal na cosanta a chumhdach ar bhealach níos feiceálaí, lena n-áirítear maidir leis an ngeilleagar ciorclach, idir-inoibritheacht, gnéithe tionsclaíocha an athraithe aeráide, idir-inoibritheacht, trasdeimhniúchán caighdeánaithe, agus freagairtí ar bhagairtí nua agus bagairtí atá ag teacht chun cinn. Chuige sin, beidh gá le tuilleadh faisnéise a chomhroinnt, lena n-áirítear faisnéis rúnaicmithe, idir Foireann ECAT, de pháirt amháin, agus seirbhísí ábhartha an Choimisiúin, SEGS agus GEC den pháirt eile. Ba cheart don dá eagraíocht leanúint de thuairimí a mhalartú agus sineirgí agus comhlántacht na n-iarrachtaí i réimse shlándáil an tslabhra soláthair atá riachtanach d'fhorbairt agus seachadadh cumais a fhiosrú.

Féachfaidh an tAontas freisin an bhféadfaí comhar a neartú a thuilleadh idir SEGS, GEC, Foireann Idirnáisiúnta ECAT agus Gníomhaireacht Tacaíochta agus Soláthair ECAT (NSPA), agus idir an Luasaire Nuálaíochta Cosanta don Atlantach Thuaidh (DIANA), HEDI GEC agus EUDIS maidir leis an nuálaíocht.

[39] Dearbhú Comhpháirteach idir an tAontas Eorpach agus ECAT (An 8 Iúil 2016); Dearbhú Comhpháirteach idir an tAontas Eorpach agus ECAT (An 10 Iúil 2018); Dearbhú Comhpháirteach idir an tAontas Eorpach agus ECAT (An 10 Eanáir 2023).

### 6.3. Dul i gcomhar le comhpháirtithe straitéiseacha agus idirnáisiúnta chun ullmhacht cosanta a bhaint amach

Ciallaíonn idirnáisiúnú na slabhraí soláthair go bhfuil sé beagnach dodhéanta rialú ó cheann go ceann a choinneáil ar amhábhair agus ar na mílte comhpháirteanna de chóras casta.

Trí chomhpháirtíochtaí comhthairbheacha le comhpháirtithe straitéiseacha, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus tríú tíortha atá ar aon intinn leis a neartú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí idirphlé slándála agus cosanta, is féidir iarrachtaí an Aontais i dtreo ullmhacht thionsclaíoch um an gcosaint a mhéadú. Beidh an comhar sin solúbtha. Beidh sé éagsúil ó thaobh foirme, raon feidhme agus cineálacha rannpháirtithe de réir leasanna comhroinnte. Leis an gcomhar sin, meastar go rannchuideofar le slabhraí soláthair a dhaingniú a thuilleadh, EDTIB a threisiú agus spleáchais straitéiseacha an Aontais a laghdú, gan cinn nua a chruthú (nó cinn atá ann cheana a bhuanú).

Ina theannta sin, leanfaidh GEC den úsáid is fearr is féidir a bhaint as na socruithe riaracháin atá aige cheana, i gcomhréir leis na prionsabail maidir le comhar le tríú páirtithe arna gcomhaontú ag na Ballstáit.

***An Bealach chun cinn:***

Déanfaidh an Coimisiún agus an tArdionadaí/Ceann na Gníomhaireachta an méid seo a leanas:

- féachaint ar bhearta chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht na hÚcráine i gcláir an Aontais chun tacú leis an tionscal cosanta, lena n-áirítear faoi EDIP, **an fhéidearthacht don Úcráin a bheith rannpháirteach i soláthar comhpháirteach**, tacú leis an mborradh tionsclaíoch san Úcráin agus feabhas a chur ar an gcomhar idir EDTIB agus tionscal cosanta na hÚcráine;
- i gcomhthéacs an **Chiste Cúnaimh don Úcráin** a mhol an tArdionadaí, tacaíocht mhíleata bhreise ón Aontas a áirithiú don Úcráin, go háirithe trí chomharthaí éilimh a chur chuig tionscal cosanta na hEorpa chun an acmhainneacht táirgeachta a mhéadú d'fhonn iarracht chogaidh na hÚcráine a chothú san fhadtéarma chomh maith leis an g**comhar idir tionscail chosanta na hEorpa agus na hÚcráine a dhreasú**
- feabhas a chur ar an **idirphlé struchtúrtha foireann-go-foireann le ECAT** maidir le hábhair leasa choitinn.
- **Fóram an Tionscail Cosanta idir an tAontas agus an Úcráin a reáchtáil in 2024** chun an comhar idir tionscail chosanta na hÚcráine agus tionscail chosanta an Aontais a neartú.

## CONCLÚID

Le blianta fada, bhain saoránaigh an Aontais leas as tréimhse síochána nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo. Mar sin féin, mar gheall ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, chomh maith leis an teannas atá ag dul i méid ar leac an Aontais, iarrtar ar an Aontas agus ar a Bhallstáit **freagracht straitéiseach a ghlacadh agus tionscal cosanta an Aontais a chumhachtú** chun aghaidh a thabhairt ar na bagairtí agus na dúshláin slándála nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo atá rompu.

Tús cadhnaíochta maidir le teicneolaíocht agus an acmhainneacht chun infhaighteacht aon trealaimh cosanta a ráthú go seasta, is réamhriachtanais iad na nithe sin do chumas an Aontais éifeachtacht fhórsaí armtha a Bhallstát a ráthú agus, ar an gcaoi sin, an tsíocháin

ar an mór-roinn a chaomhnú. Moltar sa straitéis sin bearta uaillmhianacha chun claochlú EDTIB a chothú agus chun tacú leis sna 10 mbliana amach romhainn.

Trí na huirlisí beartais cosanta tionsclaíoch de chuid an Aontais atá ann cheana a leathnú agus a chomhlánú agus tríd an uaillmhian pholaitiúil, thionsclaíoch agus bhuiséadach atá le slógadh chun tacú le EDTIB a leagan amach, tabharfar de chumhacht do EDTIB gnóthachain éifeachtúlachta a bhaineann le margadh cosanta atá níos comhtháite i ndáiríre a ghiaráil agus leas a bhaint as acmhainneacht neamhshaothraithe na n-éifeachtaí scála.

**Cabhróidh cur chun feidhme na straitéise le tionscal cosanta na hEorpa a bheith níos freagrúla do riachtanais phráinneacha gan an todhchaí a íobairt.** Ó phleanáil infheistíochta níos luaithe agus níos comhoibríche go tacaíocht níos mó don tionsclú agus d'éadáil chomhpháirteach; ó ionchorprú níos éifeachtaí na nuálaíochta go dtí leanúnachas níos fearr sna hiarrachtaí a dhéantar chun cumais ardleibhéil agus cumasóirí straitéiseacha a fhorbairt; ó shlándáil an tsoláthair níos láidre go dtí níos mó saoirse gníomhaíochta, **beidh an straitéis sin ina spreagadh don mhéid is gá a dhéanamh chun an tsíocháin a athbhunú agus a chaomhnú ar mhór-roinn na hEorpa.**

Ní mór aghaidh a thabhairt mar ábhar tosaíochta ar oiriúnú thionscal cosanta an Aontais do na treochtaí slándála agus margaidh atá ann faoi láthair. Tá an Coimisiún Eorpach agus an tArdionadaí/Ceann na Gníomhaireachta réidh chun tacú leis na Ballstáit san iarracht sin.